Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8235/25**
**ADD 2**

**JAI 491**
**SCHENGEN 22**
**SCH-EVAL 25**
**FRONT 95**
**IXIM 79**
**MIGR 145**
**ASILE 34**
**ENFOPOL 121**
**COMIX 121**
**CORDROGUE 45**
**VISA 60**
***CH***
***IS***
***NO***
***LI***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 185 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún<br>Tuarascáil ar Staid Schengen 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 185 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 185 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.4.2025
COM(2025) 185 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**

**Tuarascáil ar Staid Schengen 2025**

## IARSCRÍBHINN 2

## Coimre na ndea-chleachtas a sainaithníodh faoi chuimsiú shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen

*Tá dea-fheidhmiú limistéar Schengen ag brath ar chur i bhfeidhm éifeachtach éifeachtúil rialacha Schengen ag na Ballstáit. Is príomhchoimirce é Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen chun cur chun feidhme leormhaith acquis Schengen a áirithiú, trínar féidir ní hamháin leochaileachtaí a bhrath go tráthúil, ach trínar féidir freisin dea-chleachtais agus réitigh nuálacha a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm a shainaithint.*

*Coimre na ndea-chleachtas a ghabhann le Tuarascáil 2025 ar Staid Schengen, is é seo an tríú heagrán den choimre ó tháinig an Rialachán nua maidir le Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen i bhfeidhm. Is doiciméad beo é ina gcuimsítear na dea-chleachtais a sainaithníodh sa leagan roimhe seo den choimre, chomh maith le bearta nua, nuálacha a sainaithníodh sna meastóireachtaí a rinneadh in 2024, lena gcuirtear feabhas mór ar chur chun feidhme rialacha coiteanna agus ar rudaí iad a bhféadfadh Ballstáit eile iad a chur i bhfeidhm.*

*Le coimre na ndea-chleachtas, tugtar le chéile raon leathan dea-chleachtas lena gcumhdaítear roinnt gnéithe de acquis Schengen, lena n-áirítear rialachas náisiúnta Schengen, bainistiú na dteorainneacha seachtracha, beartas víosaí, filleadh, mar aon le bearta laistigh de limistéar Schengen, amhail teorainneacha inmheánacha agus slándáil inmheánach. Is é is aidhm di léargas a sholáthar ar straitéisí, uirlisí agus bearta nuálacha lenar féidir tacú le húdaráis na mBallstát acquis Schengen a chur chun feidhme agus comhroinnt eolais idir piaraí a éascú. Ba cheart malartú breise eolais agus taithí a chothú laistigh de chomhlachtaí ábhartha na Comhairle chun an iarracht chomhoibríoch seo a threisiú. Is é is aidhm don choimre na dea-chleachtais atá ann cheana agus a leagtar amach sna Moltaí nó sna lámhleabhair is infheidhme ón gCoimisiún nó ón gComhairle a chomhlánú le léargais nua.*

*Tá an choimre seo mínitheach agus níl aon stádas atá ceangailteach ó thaobh dlí aige. Tá sé ceaptha mar acmhainn luachmhar do lucht déanta beartas, d'oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí, agus do pháirtithe leasmhara eile a bhfuil baint acu le feidhmiú rianúil agus éifeachtúil limistéar Schengen a áirithiú agus ina theannta sin chun tacú le réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh gníomhaíochtaí feabhais lena dtabharfar aghaidh ar mholtaí a mholfaidh foirne meastóireachta amach anseo. Is cuid den tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle é.*

# RIALACHAS NÁISIÚNTA SCHENGEN

## 1. Straitéisí náisiúnta

| **Bainistiú Comhtháite ar Theorainneacha Eorpacha a chur chun feidhme** |
|---|
| **Rialachas ar Bhainistiú Comhtháite náisiúnta ar Theorainneacha**<br>• Cuimsíonn an plean teagmhasach próisis mhionsonraithe le haghaidh cásanna géarchéime éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann agus sainítear ann róil agus freagrachtaí soiléire do na húdaráis náisiúnta ábhartha uile (lena n-áirítear póilíní, lucht custaim, fórsaí armtha agus seirbhísí inimirce), mar aon le páirtithe leasmhara áitiúla (amhail bardais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha). Déantar na pleananna sin a chomhlánú a thuilleadh le próisis chun tacaíocht Eorpach a iarraidh agus a chomhtháthú. Rinneadh roinnt tástálacha ar an gcreat pleanála teagmhasaí leis na húdaráis náisiúnta uile a bhfuil freagrachtaí orthu i ngéarchéimeanna. [*An Fhionlainn, 2023*]<br>• **Áirítear sa straitéis forbartha fhadtéarmach agus náisiúnta agus sa chlár gearrthéarmach rialtais maidir leis an tslándáil inmheánach tosaíochtaí maidir le cur chun feidhme *acquis* an Aontais agus Schengen, chomh maith le forbairtí maidir le comhar idirnáisiúnta i bhforfheidhmiú an dlí. Cumhdaítear moltaí meastóireachta Schengen leis an gclár freisin. Áirithítear cur chun feidhme agus oibríochtú éifeachtúil le hanailís agus tuairisciú bliantúil. Leis an struchtúr straitéiseach náisiúnta sin, lena nasctar tosaíochtaí an Aontais leis na straitéisí náisiúnta, éascaítear cur chun feidhme éifeachtúil (leithdháileadh acmhainní) agus oibríochtú *acquis* an Aontais agus Schengen ar bhealach córasach**. [*An Chróit, 2024*]<br>• **Tá doiciméad straitéiseach uileghabhálach ina threoir ag iarrachtaí náisiúnta maidir le rialacha Schengen a chur chun feidhme ó 2021 go 2027, ag teacht le caighdeáin Eorpacha chun comhar Schengen a fheabhsú. Tá príomhróil ag údaráis phoiblí, lena n-áirítear ranna aireachta éagsúla, sa choincheap sin maidir le rialachas náisiúnta Schengen. Is é Plean Cur Chun Feidhme Schengen 2023 an phríomhuirlis chun na spriocanna sin a bhaint amach i réimsí éagsúla de chreat Schengen. Tá sé de chúram ar an Aireacht Gnóthaí Baile measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn, an coincheap a thabhairt cothrom le dáta agus tuairisciú don rialtas go débhliantúil, agus leas á bhaint as táscairí agus amlínte chun rath a thomhas agus chun ailíniú le cuspóirí na Seicia i ndáil le bainistiú teorainneacha Eorpacha.** [*An tSeicia, 2024*] |
| **Sásra rialaithe cáilíochta**<br>• Tá sásra meastóireachta náisiúnta do theorainneacha seachtracha bunaithe ag an Aireacht Gnóthaí Baile, sásra atá bunaithe ar na sásraí rialaithe cáilíochta Eorpacha agus náisiúnta. Tugtar le chéile sa sásra na moltaí ó shásra meastóireachta Schengen, ó |

mheasúnú leochaileachta Frontex agus ó chuairteanna meastóireachta náisiúnta. Áirítear leis sin meastóireacht ar shaincheisteanna a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen/SIRENE agus ar shaincheisteanna a bhaineann le comhar póilíneachta. [*An Ostair, 2020*]

- Ba cheart bainistiú teorainneacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a bheith faoi réir, go córasach, chur i bhfeidhm an tsásra rialaithe cáilíochta Eorpaigh lena gcumhdaítear raon feidhme iomlán an bhainistithe chomhtháite teorainneacha. Áirítear leis an sásra rialaithe cáilíochta náisiúnta buan díorma de mheastóirí náisiúnta a fuair oiliúint trí chúrsaí Schengen Frontex do Mheastóirí. [*Meastóireacht Théamach ar straitéisí náisiúnta maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha, 2020*]

**Comhar idirghníomhaireachta**

- Comhordú agus comhar idirghníomhaireachta dlúth agus éifeachtach ar bhonn foirmiúil idir na húdaráis náisiúnta éagsúla ar an leibhéal lárnach, réigiúnach agus áitiúil, meastar iad a bheith ríthábhachtach d'fheidhmiú éifeachtach na gcóras comhtháite um bainistiú teorainneacha. Déantar aonaid gardaí teorann a imscaradh in uiscí teorann agus ar chríoch na dtríú tíortha lena mbaineann, agus áirithítear leis sin go mbeidh patról comhpháirteach leanúnach ar muir agus san aer ar bord soithí agus eitleáin an Bhallstáit, le tacaíocht ó mhodhanna leictreonacha amhail an córas comhtháite faireachais sheachtraigh. [*Meastóireacht Théamach ar straitéisí náisiúnta maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha, 2020*]
- Trí fhaisnéis a chomhroinnt idir gníomhaireachtaí tríd an ardán céanna, rannchuidítear le pictiúr struchtúrtha coiteann a chur le chéile lena bhfeabhsaítear cáilíocht na comhroinnte faisnéise agus lena dtacaítear leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir lena misean institiúideach a bhaint amach, agus dúbláil iarrachtaí á seachaint. [*An Eastóin, 2023*]
- Bunaíodh an chill chomhpháirteach imscrúdúcháin lena mbaineann údaráis náisiúnta eile um fhorfheidhmiú an dlí agus cúig Bhallstát eile de chuid an Aontais a ndéanann an sreabhadh imirce difear dóibh, mar aon le Europol agus Frontex. D'fhág sé sin go rabhthas in ann faisnéis a mhalartú ar bhealach éifeachtach agus ar ardluas, freagairt thapa a thabhairt ar an gcaoi sin, agus bearta éifeachtacha a dhéanamh chun an sreabhadh imirce a mhoilliú agus chun gníomhaíochtaí a dhéanamh in aghaidh na n-éascaitheoirí. Faisnéis choiriúil agus bailiú agus comhchruinniú faisnéise foinse oscailte sa chill seo, le cros-seiceáil daoine, rinneadh mol oibríochtúil ag an teorainn sheachtrach den chill chomhpháirteach imscrúdúcháin lena dtacaítear le bainistiú foriomlán an fheiniméin. [*An Liotuáin, 2023*]

## 2. Cumais náisiúnta

| Oiliúint |
|---|
| **Comhar le CEPOL**<br><br>• Tá rannpháirtíocht chomhordaithe agus ghníomhach in oiliúint Eorpach maidir le forfheidhmiú an dlí ina dlúthchuid den chomhar idirghníomhaireachta laistigh de struchtúr rialachais buan na bPóilíní, na gCustam agus an Gharda Teorann. Pléann an Coláiste Ollscoile Póilíneachta náisiúnta (Police University College) na riachtanais oiliúna go tráthrialta, agus déantar amhlaidh i gcomhar leanúnach freisin le hinstitiúidí oiliúna an Gharda Teorann agus na gCustam. Tá leibhéal ard rannpháirtíochta i gcúrsaí CEPOL agus tugtar rochtain ar ardán ríomhfhoghlama CEPOL LEEd (Oideachas ar Fhorfheidhmiú an Dlí) do líon mór oifigeach forfheidhmithe dlí. Áirítear oiliúint CEPOL i bpleananna oiliúna bliantúla náisiúnta na bPóilíní, na gCustam agus an Gharda Teorann agus, faoi chomhordú an Choláiste Ollscoile Póilíneachta náisiúnta, roinntear na suíocháin oiliúna CEPOL atá ar fáil idir na húdaráis forfheidhmithe dlí ar bhonn a riachtanas agus a n-inniúlachtaí. Thairis sin, tá rochtain éasca ar an bhfaisnéis maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann le hoiliúint CEPOL ag inlíon na bpóilíní, na gCustam agus an Gharda Teorann. [*An Fhionlainn, 2023*] |
| **Filleadh**<br><br>• Comhaontú le cuideachta aerlíne aerárthaí agus ionsamhlóirí a úsáid go tráthrialta chun oiliúint a chur ar an díorma tionlacaithe ar oibríochtaí um fhilleadh, ní hamháin ó thaobh oibríochta de, ach freisin chun cásanna éigeandála a d’fhéadfadh tarlú le linn na n-oibríochtaí um fhilleadh amhail dóiteáin a ionsamhlú. [*An Fhionlainn, 2023*] |
| **Biúró SIRENE**<br><br>• Tá cúrsa oiliúna náisiúnta ar líne cruthaithe ag Biúró SIRENE den Bhiúró Náisiúnta um Imscrúdú lena ndírítear ar Chóras Faisnéise Schengen athnuaite. Tá ábhar teoiriciúil agus seiceálacha eolais sa chúrsa. Tá an pacáiste oiliúna ar líne éigeantach do Phóilíní, do Ghardaí Teorann agus d’oifigigh Chustaim agus déantar faireachán agus obair leantach ar chomhlánú an chúrsa. [*An Fhionlainn, 2023*]<br><br>• Bunú Lárionaid Oiliúna úrscothaigh laistigh d'áitreabh Bhiúró SIRENE, lena soláthraítear deiseanna cuimsitheacha praiticiúla oiliúna d'úsáideoirí deiridh uile na nGníomhaireachtaí Náisiúnta Forfheidhmithe Dlí uile. Áirítear ar na gníomhaíochtaí oideachais seisiúin phraiticiúla i saotharlanna ríomhaireachta agus infhaighteacht ardán ríomhfhoghlama, lena n-áirítear inlíon na bPóilíní agus cúrsaí CEPOL, a bhaineann le cianfhoghlaim Chóras Faisnéise Schengen. Oibríonn an tAcadamh Póilíneachta i gcomhar go tráthrialta leis na ranna ábhartha sna Póilíní, sna hollscoileanna áitiúla agus in eagraíochtaí neamhrialtasacha chun a áirithiú go dtugtar an clár oiliúna cothrom le dáta go tráthrialta, agus réimse an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta agus ábhair Schengen freisin. Tá sraith iomlán Lámhleabhar ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile |

| |
|---|
| maidir le Córas Faisnéise Schengen, an Córas Uathoibrithe um Shainaithint Méarlorg agus ábhair SIRENE le haghaidh gach údaráis náisiúnta inniúil agus Seirbhísí Póilíneachta ar fáil trí ríomhleabharlanna ar inlíon na bPóilíní. [*An Chipir, 2023*]<br>• Taifeadtar sa chóras náisiúnta TF faisnéis agus doiciméid maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir fillte, rud a thugann léargas iomlán ar a gcás. Tá Biúró SIRENE i gceannas ar na foláirimh náisiúnta maidir le filleadh a thiontú go díreach go foláirimh chun cead isteach agus fanacht a dhiúltú i gcórais na n-údarás Imirce tar éis foirmeacha R-A SIRENE a fháil ó Bhallstáit eile maidir le foláirimh náisiúnta. Féadann na gardaí teorann an nós imeachta céanna a dhéanamh i gcás ina bhfuil an duine, faoi réir foláireamh maidir le filleadh, suite ag an bpointe imeachta as críoch an Aontais. [*An Eastóin, 2023*]<br>• **Tá cleachtas oiliúna den scoth curtha chun feidhme ag biúró náisiúnta SIRENE maidir le hábhair a bhaineann le SIS, lena gcuirtear ar fáil ábhair amhail póstaeir, lámhleabhair agus podchraoltaí chun cuir leis an bhfeasacht ar SIS agus an úsáid a bhaintear as sa tír. Bíonn oiliúnóirí ar fáil le haghaidh seisiúin ar éileamh agus rinneadh ábhair a dháileadh ar fud na n-údarás náisiúnta ábhartha.** [*An tSeicia, 2024*] |
| **Oiliúint chomhpháirteach le Ballstáit eile**<br>• Ghlac an Ballstát chuige féin coincheap na hoiliúna comhpháirtí le seirbhísí póilíneachta a thíortha comharsanachta mar bhealach chun feabhas a chur ar an gcomhar sna limistéir teorann. Oiliúint chomhpháirteach agus gníomhaireachtaí eile forfheidhmithe dlí le comhpháirtithe eachtracha, eascraíonn siad, mar shampla, as obair an Choiste um Chomhar Déthaobhach. Eagraíonn an Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim oiliúint chomhpháirteach freisin. [*An Ghearmáin, 2020*; [*An Spáinn, 2022*] |
| **Cosaint sonraí**<br>• Tá oiliúint chosanta sonraí dea-fhorbartha do bhaill foirne easaoránacha ag poist chonsalacha agus oiliúint cosanta sonraí, ar oiliúint í a eagraítear i gcomhar le hOifigeach Cosanta Sonraí na hAireachta Gnóthaí Eachtracha agus leis an Údarás Cosanta Sonraí. [*An tSeicia, 2019*]<br>• Coincheap oiliúna fadréimseach an rialaitheora náisiúnta ar Chóras Faisnéise Schengen agus go háirithe, soláthar modúl ríomhfhoghlama agus an straitéis chuimsitheach oiliúna do bhaill foirne nua. [*An Ísiltír, 2021*]<br>• An oiliúint chuimsitheach maidir le ceanglais cosanta sonraí a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a d’eagraigh an tOifigeach Cosanta Sonraí agus a soláthraíodh do bhaill foirne agus d’úsáideoirí deiridh Chóras Náisiúnta Faisnéise Schengen agus Bhiúró SIRENE, go háirithe maidir le hiarrachtaí múscailte feasachta. [*An Iodáil, 2021*]<br>• Oiliúint agus múscailt feasachta na foirne ag an Aireacht Gnóthaí Eachtracha maidir le ceanglais cosanta sonraí i ndáil le nós imeachta eisiúna víosaí agus leis an gCóras |

| |
|---|
| Faisnéise Víosaí, lena n-áirítear rannpháirtíocht ghníomhach Oifig an Oifigigh Cosanta Sonraí (OCS), d'úsáideoirí deiridh, go háirithe d'fhoireann chonsalach sula ndéantar iad a phostú chuig ambasáidí/consalachtaí. [*An Ghréig, 2021*]<br>• **Soláthraíonn Oifigeach Cosanta Sonraí na hAireachta Gnóthaí Eachtracha lámhleabhar maidir le próiseáil agus cosaint sonraí pearsanta d'úsáideoirí deiridh uile an Chórais Faisnéise Víosaí. Treoir ghonta, áisiúil atá i gceist.** [*An tSeicia, 2024*]<br>• **Oiliúint foirne maidir le cosaint sonraí i gcórais mhórscála TF trí sheisiúin thráthrialta ar líne agus seisiúin ina mbíonn daoine i láthair go pearsanta, lena n-áirítear cúrsaí chun 'oiliúint a chur ar an oiliúnóir', chun tionchar na hoiliúna a uasmhéadú agus cultúr cosanta sonraí a chur chun cinn. Tá ról lárnach ag Oifigigh Cosanta Sonraí na n-údarás éagsúil maidir leis an oiliúint sin a eagrú agus a sholáthar.** [*An Pholainn, 2024*] |
| **Oiliúint ar líne**<br>• **Cuirtear oiliúint thráthrialta ar bun ag gach pointe trasnaithe teorann, lena n-áirithítear go mbíonn gardaí teorann seasta ag foghlaim agus go mbíonn eolas cothrom le dáta acu ar nósanna imeachta seiceála teorann. Is éard atá san oiliúint ar líne a bunaíodh tástálacha laethúla nach mór do na gardaí teorann a dhéanamh agus iad i mbun a ndualgas. Tá 200 ceist ilroghnach ann as a sanntar 10 gcinn in aghaidh an lae go randamach do na gardaí teorann atá ar dualgas. Cumhdaítear bunúis dlí, láimhseáil trealaimh agus cosaint sonraí leis na ceisteanna freisin. Seiceálann an ceannaire seala na torthaí agus, ar bhonn na mbearnaí a shainaithnítear san eolas atá ag na gardaí teorann ar ábhair áirithe, eagraítear oiliúint spriocdhírithe mhíosúil ar na hábhair sin.** [*An Ungáir, 2024*] |
| **Cearta bunúsacha**<br>• **Tá uirlisí ar líne ag údaráis náisiúnta lenar féidir le gardaí teorann dul siar ar an eolas atá acu, agus cuirtear idir chúrsaí éigeantacha agus chúrsaí roghnacha ar fáil. Mar chomhlánú ar na hardáin sin, tá ardán ar líne le haghaidh oiliúint athnuachana á forbairt agus á húsáid, ardán atá dírithe go hiomlán ar chearta bunúsacha maidir le rialú teorann agus filleadh. Tá an t-ardán bunaithe ar lámhleabhar cúrsa Frontex 2019 d'oiliúnóirí um chearta bunúsacha agus tá sé ar fáil go poiblí, tá leagan amach maith air agus tá sé áisiúil. Déantar caighdeáin um chearta bunúsacha agus coimircí a cheangal le cásanna rialaithe teorann ann.** [*An Chróit, 2024*] |

| **Trealamh** |
|---|
| **Gléasanna móibíleacha**<br>• Cuireadh gléasanna móibíleacha in úsáid chun rochtain a thabhairt d'oifigigh phatróil ar bhunachair sonraí ábhartha trí fheidhmchlár móibíleach. Is féidir le gléasanna |

móibíleacha soláimhsithe agus gléasanna móibíleacha cumhachtacha araon plátaí ceadúnais feithicle agus Crios Meaisín-Inléite na ndoiciméad aitheantais a léamh. Tá siad feistithe le cumais aghaidh-aitheanta freisin (i.e. grianghraif a sheoladh chuig bunachar sonraí lárnach chun críoch aghaidh-aitheanta). [*An Ungáir, 2019*]

- Na póilíní go léir a bhfuil an phróifíl ábhartha acu, tá fóin chliste acu ag a bhfuil rochtain dhíreach ar bhunachair sonraí (idir)náisiúnta agus a bhfuil feidhmchlár cumarsáide slán acu. Úsáideann na fórsaí póilíneachta náisiúnta réiteach soghluaiste ar mhaithe le hoibriú lasmuigh den oifig. Trí ghairis mhóibíleacha (táibléad, fóin chliste agus ríomhairí glúine), is féidir le gach póilín oibríochtúil bunachair sonraí (idir)náisiúnta (amhail doiciméid aitheantais, uimhirphlátaí agus bithmhéadracht) a chuardach. Déantar réada, mar shampla plátaí ceadúnais, a scanadh leis an bhfón cliste, a sheiceáil láithreach i gcoinne an bhunachair sonraí lárnach. [*An Ísiltír, 2021*]

**Doiciméid chun coinníollacha iontrála a sheiceáil**

- **I gcás gardaí teorann túslíne ag an aerfort idirnáisiúnta, tá foirm ar fáil dóibh ina bhfuil na ceisteanna is gá lena shuí go gcomhlíontar formhór na gcoinníollacha iontrála a leagtar síos in Airteagal 6(1) de Chód Teorainneacha Schengen. Leis an bhfoirm, éascaítear fíorú na gcoinníollacha iontrála do náisiúnaigh tríú tír, feabhsaítear an chumarsáid idir póilíní teorann agus taistealaithe agus sáraítear bacainní teanga féideartha. Tá an fhoirm ar fáil in 28 dteanga a fhreagraíonn don trácht idirnáisiúnta ag an aerfort, amhail Sínis, Cóiréis, Rúisis, Úcráinis agus Albáinis, agus úsáidtear í chun seiceáil na gcoinníollacha iontrála a éascú nuair a bhíonn bacainn chumarsáide idir paisinéirí agus gardaí teorann. Ní thógann sé i bhfad ar an náisiúnach tríú tír an fhoirm a líonadh isteach agus ní dhéanann sí difear do na hamanna feithimh ag na teorainneacha.** [*An Ungáir, 2024*]

## 3. Córais mhórscála TF

| Feidhmchláir náisiúnta |
|---|
| **Foláirimh agus fiosruithe** |

- Má dhéanann Biúró SIRENE foláireamh a chruthú, a nuashonrú nó a scriosadh trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár náisiúnta, tugtar fógra don údarás eisiúna/iarrtha go huathoibríoch trí fhógra ríomhphoist uathoibríoch a úsáid. Leis sin, déantar an nós imeachta a shimpliú, laghdaítear an t-ualach oibre agus feabhsaítear an malartú faisnéise idir na húdaráis éagsúla lena mbaineann. [*An Ungáir, 2019*]
- Faigheann an Ballstát sonraí faoi phaisinéirí ó gach eitilt a thagann ó thríú tíortha, tiomsaíonn an Lárionad um Dhíriú ar Theorainneacha iad agus déantar na sonraí a phróiseáil go huathoibríoch tríd an gCóras Réamhaisnéise faoi Phaisinéirí (API) náisiúnta. Is éard atá i gCóras API bunachair sonraí náisiúnta, 'liostaí faire', próifílí atá bunaithe ar anailís riosca, Córas Faisnéise Schengen agus an bunachar sonraí i ndáil le Doiciméid atá Goidte nó Caillte. I gcás meaitseála, tá rochtain ag na hoibreoirí ar roinnt

bunachair sonraí agus úsáideann siad an feidhmchlár náisiúnta chun an mheaitseáil a fhíorú agus chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin bhfoláireamh (grianghraif, méarloirg, tuilleadh sonraí faoin 'ngníomhaíocht atá le déanamh', etc.). Taispeánann an t-amas aitheantóirí, 'an chúis leis an iarraidh' agus 'gníomhaíocht atá le déanamh'. Cuirtear sonraí an amhrastaigh agus sonraí a eitilte chuig an aerfort nó chuig an gcalafort ábhartha atá freagrach as an amhrastach a ghabháil. [*An Ísiltír, 2021*]

- Seachas úinéirí arm tine, ní mór d'allmhaireoirí agus do dhéileálaithe gach arm tine allmhairithe a chlárú freisin i gclár na bpóilíní agus na fiosruithe uathoibrithe céanna á ndéanamh. Ó mhí Lúnasa 2022, tá sé sainordaitheach grianghraif de na hairm thine a uaslódáil ina léirítear na marcanna agus na sraithuimhreacha uile atá ar fáil. Leis sin, áirithítear go bhfuil na grianghraif ar fáil le cur i gceangal le foláirimh má tá arm á iontráil i gCóras Faisnéise Schengen. [*An Liotuáin, 2023*]
- **Próiseas áisiúil cruthaithe foláirimh, a bhfuil uathoibriú nach beag i gceist leis, le haghaidh foláirimh náisiúnta maidir le saoránaigh (náisiúnta). Is é atá i gceist leis iompórtáil uathoibríoch a dhéanamh ar shonraí clárlainne náisiúnta, lena n-áirítear grianghraif. Aistrítear na sonraí sin díreach chuig foláirimh Chóras Faisnéise Schengen nuair a chruthaítear iad.** [*An Chróit, 2024*]
- **Tá córas iarratais uathoibrithe ag an Údarás Custaim náisiúnta chun dearbhuithe custaim feithicle a sheiceáil i gCóras Faisnéise Schengen trí úsáid a bhaint as uimhreacha VIN.** [*An Chróit, 2024*]
- **Déantar nuashonrú réamhghníomhach ar fholáirimh a cruthaíodh roimhe sin i ndáil le daoine ionas go n-áirítear leis na foláirimh an tuairisc ar a ndoiciméad aitheantais, rud a chuireann leis an dóchúlacht go n-aimseofar foláireamh le linn cuardach.** [*An Chróit, 2024*]

**Tuairisciú amas**

- Tá roinnt cleachtas i bhfeidhm chun a áirithiú go dtabharfar fógra uathoibríoch faoi amas do Bhiúró SIRENE. Go háirithe:
  - Faisnéis maidir le hamais a thaispeáint ar scáileáin an oifigigh dara líne a luaithe a chláraítear é sa chéad líne. Faigheann na gardaí teorann i mBiúró SIRENE faisnéis freisin maidir le hamais tríd an bhfeidhmchlár garda teorann. [*An Pholainn, 2015*]
  - Nuair a fhaigheann an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Fheithiclí Bóthair amas, faigheann Biúró SIRENE fógra uathoibríoch ríomhphoist. Ligeann sé sin d'oibreoir SIRENE an t-amas a fhíorú agus teagmháil a dhéanamh leis an nGníomhaireacht i gcás nach bhfuil an Ghníomhaireacht tar éis gníomhú. [*Lucsamburg, 2016*]
  - Tá feidhmiúlacht dhíreach ag an bhfeidhmchlár teorann chun 'comhrá a dhéanamh' leis an láimhseálaí cáis i mBiúró SIRENE, rud a fhágann gur féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh láithreach le Biúró SIRENE má chuirtear foirm inmheánach tuairiscithe amas amach. [*An Chróit, 2018*]
- Ag an aerfort, tá nós imeachta leantach éifeachtach curtha ar bun ag na gardaí teorann maidir le hamais ar fholáirimh maidir le seiceálacha discréideacha i gcomhar le hoifigigh

chustaim. Nuair a thugann gardaí teorann faoi deara go bhfuil paisinéir faoi réir iarraidh ar sheiceáil dhiscréideach i gcóras faisnéise Schengen, cuirfidh siad é sin in iúl go discréideach d'oifigigh chustaim. [*An Fhrainc, 2021*]

- Leis an bhfeidhmchlár náisiúnta, soláthraítear an fhoirm tuairiscithe amas faoi fholáirimh de Chóras Faisnéise Schengen do na húsáideoirí deiridh, le teimpléad réamhlíonta lena aisghabhtar na sonraí uile atá ar fáil ón bhfoláireamh. Líonann na húsáideoirí deiridh na réimsí ábhartha amais isteach agus seolann siad go díreach chuig Biúró SIRENE í. Áirítear le teachtaireacht ríomhphoist a fhaightear formáid HTML, ar féidir í a thiontú go díreach ina foirm SIRENE. Tá ceisteanna seiceála fiosrúcháin réamhlíonta san fhoirm tuairiscithe amas. Áirithítear leis sin leibhéal an-mhaith cáilíochta sonraí agus tuairisciú amas i bhfíor-am. [*An Liotuáin, 2023*]
- Nós imeachta éifeachtach chun a thuairisciú gur fhág duine atá faoi réir cinneadh um fhilleadh agus foláireamh maidir le filleadh limistéar Schengen. I gcásanna den sórt sin, taifeadann an t-údarás garda teorann a raibh an t-amas aige an t-imeacht go díreach isteach san fheidhmchlár a úsáideann an tSeirbhís Imirce. Scriosann Biúró SIRENE an foláireamh maidir le filleadh agus tugann sé isteach foláireamh chun cead isteach a dhiúltú lasmuigh d'uaireanta oifige nuair a fhaightear an fhaisnéis faoin imeacht ó Bhallstát Schengen eile nó ó na hAmbasáidí nó na Consalachtaí náisiúnta. I gcásanna a bhaineann le filleadh éigeantach, déanann na haonaid phóilíní áitiúla a d'fhorghníomhaigh an filleadh éigeantach é a thaifeadadh go díreach sa chóras freisin. Áirithítear leis an nós imeachta sin go ndéanfar an beartas um fhilleadh a bhainistiú ar bhealach éifeachtach ar an leibhéal náisiúnta agus áirithítear leis freisin go gcuirtear an foláireamh chun cead isteach a dhiúltú isteach i gCóras Faisnéise Schengen gan mhoill nuair a bhíonn toirmeasc ar theacht isteach ag gabháil leis an gcinneadh um fhilleadh. [*An Fhionlainn, 2023*]
- **Bealach uathoibríoch, áisiúil teagmhála idir an chéad líne agus an dara líne ag pointí trasnaithe teorann áirithe lena chur in iúl gurb ann d'amas. I gcás amais, is féidir leis an oifigeach céadlíne an fhaisnéis amais a sheoladh ón gcéad líne díreach chuig an dara líne. Ina dhiaidh sin, beidh fógra i ndath dearg le feiceáil ag an dara líne. I gcás amas ar dhaoine le haghaidh seiceáil dhiscréideach, bailíonn an chéad líne an fhaisnéis atá ar fáil go discréideach agus, anuas air sin, cuireann sí seatanna scáileáin den phas/cárta aitheantais/deimhniú clárúcháin feithicle i gceangal leis an amas. Seolfar é sin go huathoibríoch chuig an dara líne, ullmhófar foirm tuairiscithe amais agus seolfar chuig SIRENE í.** [*An Ungáir, 2024*]
- **Tar éis foirm amais náisiúnta a fháil maidir le foláireamh ó thír eile faoi Chóras Faisnéise Schengen, aistríonn córas bainistithe cásanna SIRENE na sonraí atá i mBéarla cheana go huathoibríoch chuig foirmeacha SIRENE G, H nó R ag brath ar chatagóir an fholáirimh. Is fíorbheag an t-ionchur de láimh is gá sula seoltar chuig biúrónna SIRENE eile í.Nuair a fhaigheann Biúró SIRENE foirm R-A SIRENE faoi fholáireamh náisiúnta maidir le filleadh, aistrítear an fhoirm go huathoibríoch ón gcóras bainistíochta chuig bunachar sonraí a úsáideann údaráis na bPóilíní Teorann agus na bPóiliní Eachtracha. Ansin tiontaíonn sé an**

**foláireamh go huathoibríoch de réir mar is gá nó scriosann sé é mura bhfuil toirmeasc ar theacht isteach ag gabháil leis an gcinneadh um fhilleadh. Tá feidhm ag an bpróiseas céanna maidir le foirmeacha R-B nó R-E SIRENE a fháil. Déantar próiseáil thráthúil ar na foirmeacha amais agus ar na foláirimh.I gcás foláirimh náisiúnta i dtaobh amais maidir le daoine atá ar iarraidh, áirítear ar an bhfoirm amais náisiúnta réimse éigeantach maidir le toiliú le faisnéis faoin suíomh a chomhroinnt leis an duine a chomhdaíonn an tuairisc faoi dhuine a bheith ar iarraidh.** [*An tSlóvaic, 2024*]

| Foláirimh a chruthú |
|---|
| • I sreabhadh oibre SIRENE, cruthaíodh teachtaireacht rabhaidh chun a mheabhrú do na húdaráis gur gá bithmhéadracht a chur isteach má tá sí ar fáil agus foláireamh á chruthú in CFS. [*An Ísiltír, 2021*] |
| • Ardleibhéal cáilíochta agus uathoibrithe sonraí in dhá phróiseas i gClár na nDaoine a bhFuiltear sa Tóir Orthu. Ar an gcéad dul síos, nuair a chruthaítear foláireamh maidir le náisiúnach, seiceáiltear leis an gclár go huathoibríoch an bhfuil feithicil, nó arm tine atá cláraithe sna bunachair sonraí náisiúnta, faoi ainm an duine agus tugtar deis go huathoibríoch don úsáideoir deiridh an t-ábhar a áireamh mar shíneadh ar an bhfoláireamh, rud nach mór don úsáideoir deiridh a dheimhniú. Ar an dara dul síos, nuair a iontráiltear foláireamh maidir le cónaitheoir, réamhlíontar an clár agus iompórtáiltear na sonraí alfa-uimhriúla (lena n-áirítear faisnéis an doiciméid aitheantais) san fholáireamh ó na cláir náisiúnta (ní dhéantar an grianghraf den doiciméad aitheantais a uaslódáil go huathoibríoch, ach cuirtear isteach de láimh é, nuair a bhíonn sé ar fáil). Ina theannta sin, agus foláireamh maidir le filleadh á chruthú san fheidhmchlár náisiúnta maidir le duine a bhfuil a fhaisnéis phearsanta sna cláir náisiúnta, iompórtálann an feidhmchlár náisiúnta na sonraí alfa-uimhriúla agus bithmhéadracha san fholáireamh freisin (lena n-áirítear cóip den doiciméad aitheantais, nuair atá sé ar fáil). [*An Liotuáin, 2023*] |
| • **Réamhlíonadh uathoibríoch sonraí i bhfoláirimh. Agus foláireamh maidir le cónaitheoir náisiúnta á iontráil i gcóras clárúcháin na mbarántas, déantar na sonraí alfa-uimhriúla agus grianghraf den duine is ábhar don fholáireamh a réamhlíonadh isteach agus a iompórtáil ón gclár náisiúnta ábhartha.** [*An Ungáir, 2024*] |

| Malartú faisnéise |
|---|
| • **Nuair a dhéantar foláireamh náisiúnta maidir le duine atá ar iarraidh a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen, gheobhaidh an Biúró SIRENE náisiúnta foirm C SIRENE a ghintear go huathoibríoch. Áirítear san fhoirm sin an fhaisnéis fhorlíontach ábhartha uile agus is féidir leis an mBiúró SIRENE náisiúnta í a chur** |

**ar aghaidh go díreach chuig Biúrónna SIRENE eile. Le giniúint uathoibríoch fhoirmeacha C SIRENE le haghaidh foláirimh a thagann faoi Airteagal 32, is féidir sonraí a tharchur go tapa chun cúnamh a thabhairt do Bhallstáit eile i gcásanna práinneacha.** [*Éire, 2024*]

**Na Córais Náisiúnta Faisnéise Schengen agus Faisnéise Víosaí agus córais TF**

- Déanann an lárionad oibríochtaí Slándála faireachán ar shlándáil líonra iomlán na bpóilíní ar leibhéal an úsáideora, agus braitheann sé aimhrialtachtaí a d'fhéadfadh ionsaithe féideartha a léiriú. Nuair a bhraitheann an lárionad oibríochta Slándála úsáid amhrasach, ní mór don lárionad oibríochta idirghabháil a dhéanamh chun an aimhrialtacht fhéideartha a fhíorú. Trí fhaireachán gníomhach a dhéanamh ar 'iompar neamhthipiciúil' ó na húsáideoirí deiridh a dhéanann fiosruithe, is féidir leo comharthaí maidir le húsáid mhíchuí Chóras Faisnéise Schengen a shainaithint agus cosc a chur ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le slándáil sonraí. [*An Ísiltír, 2021*]
- Sa chóras náisiúnta TF um víosaí, tá foláireamh buan ag gabháil le hiarratais phráinneacha (e.g. i gcás inar gá d'iarratasóir taisteal go han-luath tar éis an t-iarratas a chur isteach, amhail dlúthbhall teaghlaigh a bheith imithe isteach san ospidéal). Dá bhrí sin, tá sé éasca iarratais phráinneacha a aithint agus is féidir tús áite a thabhairt dá scrúdú go héasca. [*Málta, 2022*]
- Faightear na tuarascálacha míosúla ar cháilíocht sonraí a eisíonn eu-LISA san Oifig Náisiúnta um Chóras Faisnéise Schengen agus ansin déantar réamhscagadh orthu ionas nach n-áireofar iontu ach na foláirimh is gá do Bhiúró SIRENE a sheiceáil agus/nó a chur ar aghaidh chuig na húsáideoirí deiridh a chruthaigh an foláireamh sonrach. Le fíorú dhá leibhéal na n-earráidí a d'fhéadfadh a bheith ann, áirithítear, den chuid is mó, dea-cháilíocht na sonraí a chuireann na húdaráis isteach i gCóras Faisnéise Schengen. [*An Liotuáin, 2023*]
- Taispeántar 'Tuairisciú láithreach' agus 'Céannacht mhí-úsáidte' ar bhealach feiceálach i bhfeidhmchlár náisiúnta Chóras Faisnéise Schengen, tríd an téacs a chur ar bharr an fholáirimh, agus é aibhsithe i litreacha dearga. Le taispeáint den sórt sin, is féidir leis an úsáideoir deiridh a bheith ar an eolas faoin gcás láithreach i dtéarmaí práinn, castacht agus íogaireacht an fholáirimh. [*An Chipir, 2023*]
- Leis an mbonneagar TF um próiseáil víosaí, éascaítear go mór iarratais ar víosaí a chur isteach agus a scrúdú ar bhealach slán, rud a chuireann teorainn leis an spleáchas ar an soláthraí seirbhíse seachtrach maidir le bainistiú agus rialú na gcóras. Ar an gcéad dul síos, tá foirm iarratais ar víosa ar líne ar fáil ar shuíomh gréasáin na hAireachta Eachtraí agus úsáidtear í le haghaidh thart ar 80 % de na hiarratais ar víosaí, lena n-áirítear 'Treoir' le míniú úsáideach i roinnt teangacha maidir leis na sonraí atá le cur isteach sna réimsí éagsúla. Ag deireadh an phróisis, is féidir seicliosta a ghiniúint le haghaidh na ndoiciméad tacaíochta is gá ag brath ar an áit a chuirtear an t-iarratas isteach agus ar chuspóir an turais. Ar an dara dul síos, forbraíodh córas iontrála sonraí don soláthraí

seirbhíse seachtrach chun iarratais a chlárú agus iad a chomhcheangal leis an mbithmhéadracht agus le doiciméad tacaíochta scanta agus é á bhainistiú ina iomláine ag na húdaráis náisiúnta. Ar deireadh, tá comhéadan iomasach so-úsáidte ag an ‘gcroíchóras’ próiseála iarratais chun iarratais agus cinnteoireacht a scrúdú, rud a chuireann ar chumas na gcinnteoirí dul i dteagmháil go héasca leis na consalachtaí, le soláthraithe seirbhíse seachtracha, le gardaí teorann, agus leis na póilíní i ndáil le hiarratas ar leith. Tá VIS Mail comhtháite sa chóras ar bhealach so-úsáidte agus tá uirlisí anailíseacha agus staitistiúla éagsúla ag an gcóras. Le feidhmiúlacht bainistithe agus rialaithe loga an chórais, tugtar fógra d’fhoireann tacaíochta na hAireachta maidir le haon ghníomhaíocht neamhghnách d’úsáideoirí a phróiseálann sonraí. [*An Fhionlainn, 2023*]

- **Nós imeachta caighdeánaithe chun grianghraif de náisiúnaigh tríú tír a ghabháil i gclárlann bheartais na n-eachtrannach de réir chaighdeáin ICAO. Bíonn grianghraif ardcháilíochta ina thoradh air sin agus éascaítear sainaithint daoine atá faoi réir foláirimh náisiúnta maidir le filleadh agus foláirimh maidir le cead isteach a dhiúltú.** [*An Ungáir, 2024*]
- **Déantar seiceálacha méarlorg uathoibrithe ar bhonn anailís riosca i dtaobh coirpeach agus inimirce, agus chun céannacht daoine aonair a shuí agus amais a dheimhniú.** [*An Ungáir, 2024*]
- **Tá próiseas dea-phleanáilte, doiciméadaithe ann don leanúnachas gnó ag lárionaid sonraí. Úsáidtear socruithe comhionanna le haghaidh timpeallachtaí forbartha, réamhtháirgthe agus táirgthe agus tá suíomh tánaisteach cúltaca, an-slán i láthair eile. Déantar tástáil thráthrialta ar sholáthar cumhachta do-idirbhriste, ar athchur ó chúltaca agus ar chórais teipaistrithe idir an príomhionad sonraí agus an suíomh cúltaca. Déantar doiciméid a bhaineann le slándáil faisnéise a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta; Déantar iniúchtaí inmheánacha go tráthrialta.** [*An tSlóvaic, 2024*]
- **Áirítear le córas bainistithe cásanna Bhiúró SIRENE uirlis láidir chun tuarascálacha staidrimh a tháirgeadh, lena gcumasaítear tuarascálacha mionsonraithe in aghaidh an stáisiúin póilíneachta agus an phointe trasnaithe teorann ar bhonn foirmeacha inmheánacha maidir le tuairisciú amas. Is féidir sonraí staidrimh a scagadh de réir paraiméadair éagsúla, amhail an cineál ciona, rud a chuidíonn le faireachán a dhéanamh ar úsáid Chóras Faisnéise Schengen ar fud na tíre agus le tuairisciú chuig eu-LISA.** [*An Chróit, 2024*]
- **I gcásanna nach bhfuil rochtain dhíreach ar Chóras Faisnéise Schengen ar fáil, is féidir le húsáideoirí deiridh teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Teicniúil Lárnach trí fhacs nó ar an ríomhphost chun foláirimh a bhainistiú tríd an gcainéal cumarsáide gréasáin i mód éigeandála. Le nósanna imeachta náisiúnta soiléire, soláthraítear critéir íosta agus teimpléid i leith an phróisis sin, lena gcinntítear go mbíonn na feidhmiúlachtaí uile i gCóras Faisnéise Schengen ar fáil gan bhriseadh do na húsáideoirí deiridh.** [*An Pholainn, 2024*]

| **Ceanglais maidir le Cosaint Sonraí i ndáil le Córas Náisiúnta Faisnéise Schengen (Córas Náisiúnta)** |
|---|
| • Glacann na húdaráis a bhainistíonn an Córas Náisiúnta le hiarrataí chearta an ábhair sonraí a chuirtear isteach i dteangacha nach teanga na mBallstát iad. [*An Liotuáin, 2018*]<br>• Tá beartas cuimsitheach maidir le fógra a thabhairt faoi shárú ar shonraí bunaithe ag Oifigeach Cosanta Sonraí rialaitheoir an Chórais Náisiúnta, lena n-áirítear nósanna imeachta, uirlisí agus treoracha don fhoireann. [*An Ghearmáin, 2020*; [*An Iorua, 2022*]<br>• Struchtúr díláraithe an fhaireacháin ar chosaint sonraí pearsanta ina bhfuil teagmhálaithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta ar fáil i ngach aonad de na póilíní agus ina bhfuil beirt oifigeach cosanta sonraí (OCSanna) i gceannas ar mhaoirseacht ghinearálta. [*An Ísiltír, 2021*]<br>• Tá an tOifigeach Cosanta Sonraí i gceannas ar bhainistíocht leochaileachta a dhéanamh, ar an ngníomhaíocht measúnaithe leochaileachta a chomhordú agus ar mheasúnú riosca agus iniúchadh a dhéanamh; oibríonn sé i gcomhar leis an rialaitheoir sonraí ar bhealach réamhghníomhach agus comhoibríoch, e.g. maidir leis an tionscadal chun Lárionad Oibríochta Cibearshlándála a réadú lena bhféadtar teagmhais a bhainistiú go pras agus go héifeachtach. [*An Iodáil, 2021*]<br>• Le bainistiú údaraithe úsáideoirí an Bhoird Náisiúnta Póilíneachta, cuirtear cosc ar rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta. Sa bhreis ar an gcás ina n-athraíonn an post nó na cúraimí, déanann oifigeach uachtarach an úsáideora rialú agus measúnú bliantúil le deimhniú go bhfuil údaruithe úsáideora na bhfo-ordaithe iomchuí agus, más gá, seolann sé nós imeachta inmheánach chun iad a thabhairt cothrom le dáta. Ní mór don chomhordaitheoir córais atá freagrach a sheiceáil gach bliain an bhfuil na cearta úsáideora a thugtar do ghrúpaí páirtithe leasmhara agus do dhaoine seachtracha iomchuí agus cothrom le dáta. [*An Fhionlainn, 2023*]<br>• **Cuirtear an uirlis nua um Bainistiú Faisnéise Slándála agus Teagmhas Slándála (SIEM) chun feidhme mar uirlis anailíse logaí, rud a chuireann go mór le aimhrialtachtaí agus mí-úsáid fhéideartha Chóras Faisnéise Schengen a bhrath. Laghdaítear leochaileacht an chórais dá bharr sin.** *[An tSualainn 2022]*<br>• **Déanann na Póilíní Aerfoirt faisnéis á soláthar go réamhghníomhach maidir le cearta na n-ábhar sonraí. Soláthraíonn siad nasc chuig tairseach cosanta sonraí na bpóilíní trí chóid QR, a chuirtear in áit fheiceálach ag an gcéad líne agus ag an dara líne ag na pointí trasnaithe teorann.** [*An Ungáir, 2024*] |

| **Ceanglais maidir le Cosaint Sonraí i ndáil leis an nós imeachta eisiúna víosaí / an Córas Faisnéise Víosaí** |
|---|

- Gníomhaíochtaí forleathana rialaitheoir N-VIS i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar na consalachtaí agus ar an soláthraí seirbhíse seachtrach, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna slándála sonraí agus cosanta sonraí. Go háirithe, rinne rialaitheoir N-VIS sraith féin-iniúchtaí le blianta beaga anuas. [*An Spáinn, 2017; An Iodáil, 2021*]
- Tá baint ag Oifigeach Cosanta Sonraí na hAireachta Gnóthaí Eachtracha, an Aontais Eorpaigh agus an Chomhair le cigireachtaí na hAireachta ar an nós imeachta eisiúna víosaí agus tá baint mhór aige go ginearálta freisin le go leor gnéithe cosanta sonraí den nós imeachta eisiúna víosaí. [*An Spáinn, 2022*]
- Rialú fairsing loga á dhéanamh ag uirlis bogearraí uathoibrithe chun teagmhais a bhrath sna comhaid loga. [*An Danmhairg, 2022*; ***An tSualainn 2022]***
- Ceapadh an réiteach Bainistíochta Faisnéise Slándála agus Teagmhas Slándála (BFSTS) a cuireadh chun feidhme i gcóras TF na hAireachta Gnóthaí Eachtracha le cuid mhaith rialacha réamhshainithe a spreagann aláraim agus a thugann fógra le ríomhphost d'fhoireann tacaíochta VISA na hAireachta i gcás aon ghníomhaíocht neamhghnách ag úsáideoirí a phróiseálann sonraí i gCóras Lárnach Faisnéise Víosaí (Lárchóras VIS). Ós rud é go logálann am córas VISA (an príomhchóras náisiúnta próiseála iarratas le haghaidh iniúchadh a dhéanamh ar iarratais agus le haghaidh cinnteoireachta) gach próiseáil sonraí in VISA agus i Lárchóras VIS a dhéanann gach údarás úsáideora dheiridh ag a bhfuil cearta rochtana, cumhdaítear na húdaráis sin uile leis an rialú logaí freisin. Tá nós imeachta seanbhunaithe ag foireann na hAireachta um Chosaint Sonraí chun measúnú a dhéanamh ar sháruithe sonraí agus ar na céimeanna breise is gá a ghlacadh, lena n-áirítear an tréimhse ama chun fógra a thabhairt don Údarás um Chosaint Sonraí. [*An Fhionlainn, 2023*]

| **Biúró SIRENE** |
|---|
| **Nósanna imeachta SIRENE** |

- Tá deasc dualgais ag Oifig an Ionchúisitheora atá ar fáil 24/7 le haghaidh tarchuir ó Bhiúró SIRENE. [*An Danmhairg, 2017*]
- Rannpháirtíocht fhoireann SIRENE i ngníomhaíochtaí ar an láthair le linn oibríochtaí póilíneachta mórscála. [*An Eilvéis, 2018*]
- Tá saoráid ann chun méarloirg ó Chóras Faisnéise Schengen a chur isteach chuig an gCóras Aitheantais Uathoibrithe Méarlorg náisiúnta trí chóras sreafa oibre SIRENE agus chun freagraí amas/gan amas a fháil go huathoibríoch. Ní chuirtear tús leis an bpróiseas sin ach amháin nuair a chruthaítear cáschomhad i gcóras sreafa oibre SIRENE. I gcomhréir leis an reachtaíocht, níl stóráil mhéarloirg CFS i gCóras Aitheantais Uathoibrithe Méarlorg náisiúnta i gceist leis an bpróiseas. [*Éire, 2021*]
- Tá a gcuntais ríomhphoist thiomnaithe oifigiúla ag gach údarás ábhartha a bhaineann le líonra slán inmheánach na bpóilíní, a úsáidtear chun faisnéis a mhalartú. Tá

tuarascálacha uile na bpóilíní maidir le teagmhais infheicthe ag gach oifig a bhfuil cuntais ríomhphoist thiomnaithe aici, lena n-áirítear oifigigh SIRENE a dhéanann cuardach réamhghníomhach sna bunachair sonraí atá ar fáil, lena n-áirítear CFS, gach náisiúnach den Aontas agus náisiúnaigh tríú tír a bhfuil baint acu leis na teagmhais a thuairiscítear. Mar thoradh ar na cuardaigh sin, má dhéantar meaitseáil dhearfach, téann Biúró SIRENE i dteagmháil láithreach leis an stáisiún Póilíneachta atá i gceannas ar an gcás (a thuairiscigh an teagmhas) agus iarrann sé go ndéanfar gníomhaíocht bhreise maidir le hábhar an fholáirimh. Áirithítear leis an gcur chuige réamhghníomhach arna fhorbairt ag Biúró SIRENE nach gcailltear amais ar bith le linn na gcuardach a dhéantar in SIS. [*An Chipir, 2023*]

**Córas sreafa oibre SIRENE**

- I gcás na bhfeidhmchlár bainistithe cáis, nuair a bhíonn amas i bhfoláireamh ina bhfuil ailiasanna, céannachtaí mí-úsáidte agus/nó naisc, tagann fuinneog aníos ina léirítear gurb ann don fhaisnéis ábhartha sin. Tugann an fógra sin aghaidh go héifeachtach ar cheann de na fadhbanna is coitianta i measc na réiteach ar fhiosruithe sna Ballstáit éagsúla: an deacracht a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a dhéanamh infheicthe don úsáideoir deiridh. [*An Ungáir, 2019*]
- Déanann córas sreafa oibre SIRENE seiceáil go huathoibríoch, i gcoinne eochairfhocal réamhshainithe, ar gach teachtaireacht a thagann isteach ó gach cainéal idirnáisiúnta (lena n-áirítear foirmeacha SIRENE freisin). Déantar na sonraí pearsanta atá san áireamh sna foirmeacha a sheiceáil go huathoibríoch i gcoinne na mbunachar sonraí nasctha. Déantar torthaí deimhneacha ón scagadh sin a mharcáil mar 'amais the' chun a léiriú gur cheart na foirmeacha sin a láimhseáil mar thosaíocht. A bhuí leis an réiteach sin, is féidir le Biúró SIRENE iarrataí a thagann isteach a bhainistiú go héifeachtach gan aon riaráiste. [*Lichtinstéin, 2021*]
- Déantar foirmeacha A agus M a thagann isteach (a úsáidtear chun faisnéis a mhalartú maidir le barántais ghabhála Eorpacha agus iarrataí ar eiseachadadh, agus maidir le faisnéis ilghnéitheach fhorlíontach nuair nach leagtar síos aon nós imeachta, faoi seach) a phróiseáil go huathoibríoch i gcóras bainistithe cásanna SIRENE, córas lena n-aistrítear go huathoibríoch na foirmeacha isteach maidir le foláirimh a bhaineann le sceimhlitheoireacht chuig Seirbhís Slándála agus Faisnéise na Danmhairge. [*An Danmhairg, 2022*]
- Tá na foirmeacha SIRENE arna gcruthú ag na hoifigigh réamhlíonta le sonraí foláirimh agus tá téacsanna réamhshainithe ar fáil iontu ar féidir a chur isteach le haon chlic amháin. Tá na téacsanna réamhshainithe curtha in oiriúint do gach foirm agus do gach cineál foláirimh. [*An tSlóvaic, 2019*]
- Is feidhmchlár TF aonair é córas bainistithe cásanna SIRENE a láimhseálann na teachtaireachtaí uile ar bhealach ard-uathoibrithe: cláraítear foirmeacha SIRENE isteach go huathoibríoch go cásanna atá ann cheana agus sanntar don chásoifigeach inniúil iad; déantar foirmeacha A isteach a phróiseáil go huathoibríoch agus a sheiceáil sna

| |
|---|
| bunachair sonraí náisiúnta bunaithe ar eochairfhocail. Leis an bpróiseas sin féadtar gach foirm A isteach a bhaineann leis na príomhfhocail sin a sheoladh go huathoibríoch uair sa lá i mbaisc chuig na ranna agus na haonaid ábhartha. Ní shanntar na foirmeacha A d'oibritheoir lena láimhseáil de láimh ach amháin i gcás meaits. Déanann úsáideoirí deiridh na foirmeacha tiomnaithe náisiúnta amais a sheoladh go huathoibríoch ó fhuinneog réamhamhairc i bhfoláireamh Chóras Faisnéise Schengen ó bhrabhsálaí/cláir na bPóilíní agus faightear iad i mbosca ríomhphoist teachtaireachtaí nua an oifigigh idirchaidrimh inimirce, agus ansin déantar iad a thiontú ina bhfoirmeacha tuairiscithe amais SIRENE. Leis na próisis sin, éascaítear comhlíonadh chúraimí Bhiúró SIRENE go mór agus tacaítear le héifeachtacht thráthúil mhalartú na faisnéise forlíontaí agus na bhfoirmeacha forlíontacha. [*An Liotuáin, 2023*] |

## 4. Gnéithe de Chearta Bunúsacha

| **Faireachán maidir le filleadh éigeantach** |
|---|
| • Déantar faireachán leormhaith a áirithiú le neamhspleáchas iomlán an Ráthóra Náisiúnta, le raon feidhme a ghníomhaíochta, leis an oiliúint a sholáthraítear do na tionlacaithe don fhilleadh maidir le cearta bunúsacha (lena n-áirítear cearta grúpaí daoine leochaileacha) agus le prionsabal an *non-refoulement*, mar aon le líonra réigiúnach an luchta faireacháin don fhilleadh éigeantach atá oilte agus atá ag feidhmiú ar an gcríoch iomlán. [*An Iodáil, 2021*]<br>• Foilsiú rialta ar líne na dtuarascálacha faireacháin maidir le filleadh éigeantach ag Cosantóir Poiblí na gCeart, lena n-áirítear i mBéarla mar chuid den tuarascáil ghinearálta bhliantúil ón Ombudsman, áirithítear leis sraith bhreise grinnscrúdaithe ar an bpróiseas aistrithe, rud a fheabhsaíonn a thrédhearcacht, agus tacaítear tuilleadh le héifeachtacht an tsásra faireacháin maidir le filleadh éigeantach. [*An tSeicia, 2019*]<br>• **Tá comhairleoir ainmnithe um chearta an duine ag Ceanncheathrú an Gharda Teorann chun cleachtais bainistithe teorann a chomhlíonann cearta bunúsacha a phríomhshruthú agus chun tacú leo. Tá comhairleoirí ainmnithe um chearta an duine ag rannóga réigiúnacha na nGardaí Teorann freisin, agus glacann siad páirt in oiliúint maidir le cearta bunúsacha a chur ar fáil ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.** [*An Pholainn, 2024*] |

## 5. Maoirseacht ar chosaint sonraí

- Eagraíonn an Chigireacht Stáit um Shonraí maoirseacht Chóras Faisnéise Schengen agus an Chórais Lárnaigh Faisnéise Víosaí laistigh den tSamhail ar Phróiseas Gnólachta agus Nodaireacht - léiriú grafach chun próisis ghnó a shainiú i samhail ar phróiseas gnólachta. Leis an tSamhail ar Phróiseas Gnólachta agus Nodaireacht ceadaítear d'fhostaithe a gcuid freagrachtaí a thuiscint ag gach céim, mar aon leis an bpróiseas maoirseachta uile. [*An Laitvia, 2023*]

## AN GHNÉ SHEACHTRACH

| Comhar le tríú tíortha |
|---|
| **Oifigigh idirchaidrimh**<br>• Tá rochtain dhíreach ó inlíon na hOifige Idirchaidrimh Idirnáisiúnta ar Bhunachar Sonraí na sonraí dachtalascópachta lena gceadaítear d'oifigigh AFIS náisiúnta a chuardach le comhad den Institiúid Náisiúnta um Chaighdeáin agus Teicneolaíocht (NIST) atá i gceangal le foláireamh, rud a fhágann go bhféadtar aon mheaits a aisghabháil laistigh de chúpla nóiméad. Nuair a bhíonn meaits mar thoradh ar an gcuardach uathoibríoch, beidh an meaits sin faoi réir fíorú ó shaineolaí méarloirg freisin. Leis an bhfeidhmiúlacht sin, ní hamháin go bhféadtar na bunachair sonraí náisiúnta a chuardach le paraiméadair alfa-uimhriúla ach leis an mbithmhéadracht freisin, rud a mhéadaíonn cruinneas shainaithint an duine. [*An Liotuáin, 2023*]<br>• **Imscartar comhairleoirí víosa nó oifigigh idirchaidrimh i dtríú tíortha tosaíochta, agus bíonn sé de chúram orthu imirce neamhrialta fhéideartha chuig limistéar Schengen a shainaithint agus faisnéis a bhailiú maidir le modhanna nó treochtaí nua. Nuair a bhraitheann údaráis víosa doiciméid chalaoiseacha nó céannachtaí calaoiseacha, ní hamháin go ndiúltaítear víosa Schengen ach eisítear toirmeasc ar theacht isteach freisin chun cosc a chur ar an náisiúnach tríú tír iarracht a dhéanamh teacht isteach trí Bhallstát eile. Déantar an fhaisnéis a bhailíonn na hoifigigh sin a chomhroinnt go tráthrialta leis na húdaráis ábhartha trí chruinnithe comhordaithe, rud a chuireann leis an ullmhacht ag teorainneacha seachtracha agus an ullmhacht i gcomhair nósanna imeachta um fhilleadh. Is cabhair í an fhaisnéis sin i dtaobh pleananna náisiúnta agus pleananna réigiúnacha a fhorbairt, rud a fhágann gur féidir gníomhaíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh i gcoinne eintitis a bhfuil baint acu leis an imirce neamhrialta a éascú. I gcás imircigh neamhrialta a shainaithnítear sna hoibríochtaí sin, dírítear iad chuig na próisis iomchuí um fhilleadh.** [*An Ungáir, 2024*]<br>• **Tugadh rochtain dhíreach d'oifigigh idirchaidrimh ar an gcóras bainistithe cásanna a bhainistíonn an Pointe Teagmhála Aonair, rud a fhágann gur féidir faisnéis fíor-ama a fháil ó bhunachair sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leis an rochtain sin, feabhsaítear a gcinnteoireacht, tacaítear le himscrúduithe trasteorann agus feabhsaítear an éifeachtúlacht oibríochtúil le comhoibrithe idirnáisiúnta. Ina theannta sin, áirithíonn an fhormhaoirseacht a dhéanann an Pointe Teagmhála Aonair go mbeidh an chumarsáid idir oifigigh idirchaidrimh agus lucht forfheidhmithe an dlí comhordaithe, trédhearcach agus slán.** [*An tSeicia, 2024*] |
| **Comhar idirnáisiúnta**<br>• Trí chomhar iltaobhach agus comhaontuithe déthaobhacha a bhunú le roinnt tríú tíortha, tugtar deis sonraí a mhalartú i bhfíor-am maidir le faireachas muirí agus sna pointí |

trasnaithe teorann i ndáil leis na seiceálacha ar bháid farantóireachta, agus maidir le faisnéis eile a bhaineann le teorainneacha. Tacaíonn na húdaráis go gníomhach le cumais náisiúnta rialaithe teorann a fhorbairt i dtríú tíortha trí shócmhainní a dheonú. [*An Iodáil, 2021*]

- Bainistíonn na húdaráis náisiúnta na sreabha imirce agus téann siad i ngleic le coireacht trasteorann ó lasmuigh de limistéar Schengen trí choincheap réigiúnach an fhaireachais ar theorainneacha a chur chun feidhme. Áirítear leis sin oifigigh idirchaidrimh ó thríú tíortha a imscaradh chuig lárionaid chomhordúcháin réigiúnacha an Bhallstáit agus vice versa, rud arb é is aidhm dó comhar díreach agus malartú faisnéise a éascú. Déantar aonaid garda teorann a imscaradh in uiscí teorann agus ar thalamh na dtríú tíortha, rud a chinntíonn go mbíonn patról comhpháirteach leanúnach ar muir agus san aer. Comhlánaítear, leis an sásra cuardaigh agus tarrthála, an córas réigiúnach um fhaireachas ar theorainneacha le soithí arna gcomhordú ag an ngníomhaireacht náisiúnta cuardaigh agus tarrthála. [*An Spáinn, 2022*]
- **Tá an tionscadal 'Ceann Scríbe Turasóireachta Sábháilte' á reáchtáil ó bhí 2006 ann, agus tá póilíní á n-óstáil agus a n-imscaradh go hidirnáisiúnta faoin tionscadal sin chun freastal níos fearr a dhéanamh ar thurasóirí agus ar náisiúnaigh thar lear. Tá rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí póilíneachta eachtracha ag dul i méid, agus ghlac 24 eagraíocht ar fud 21 thír páirt ann in 2023. Oibríonn póilíní eachtracha faoi chumhachtaí comhaontaithe, agus soláthraíonn siad seirbhísí i dteangacha na dturasóirí, rud a laghdaíonn bacainní ar chabhair póilíní a lorg. Is furasta na haoi-phóilíní a fheiceáil agus iad ina n-éide náisiúnta, agus rannchuidíonn siad le coireacht a chosc agus le sábháilteacht a fheabhsú.** [*An Chróit, 2024*]
- **Rinneadh socruithe le tríú tíortha comharsanachta faoina ndéantar aoi-phóilíní a imscaradh ag na teorainneacha sin chun tacú le gníomhaíochtaí faireachais agus le gníomhaíochtaí rialaithe eile, amhail seiceálacha teorann. Leis sin, cuirtear leis an gcumas i dtaobh freagartha agus le malartú faisnéise. Laistigh de chríoch chomharsanachta amháin, bíonn póilíní teorann ó thríú tír chomhpháirtíochta ar patról i gcomhar le hoifigigh theorann áitiúla ar bhonn laethúil chun imirce neamhdhleathach a chosc agus chun éascaitheoirí smuigleála daoine a shainaithint. Ar bhonn comhaontú déthaobhach le tír chomhpháirtíochta eile, tá oifigeach ag obair faoi láthair ag pointí sonracha trasnaithe teorann chun tacú le seiceálacha agus chun cumarsáid le paisinéirí a éascú.** [*An Ungáir, 2024*]
- **Cruthaíonn cúirteanna agus oifigí Ionchúisitheora foláirimh i leith daoine a bhfuiltear sa tóir orthu, mar aon le Barántas Gabhála Eorpach (BGE) i bPolainnis agus i mBéarla araon. Ach an leagan Béarla a chur i gceangal leis an bhfoláireamh, cuirtear dlús leis na nósanna imeachta sna Ballstáit eile le haghaidh gníomhaíochtaí maidir le hamais idirnáisiúnta.** [*An Pholainn, 2024*]

| Beartas Víosaí |
|---|
| **Soláthraí Seirbhíse Seachtrach**<br>• **Smachtbhannaí airgeadais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha** i gcás nach gcomhlíontar an conradh, mar aon le faireachán treisithe ar a gcuid oibre, is bealach éifeachtach é chun an soláthraí seirbhíse seachtrach a thabhairt i gcomhréir le forálacha an chonartha agus chun a fheidhmíocht a fheabhsú. [*An Ostair, 2022*] |

## BAINISTIÚ NA dTEORAINNEACHA SEACHTRACHA

| Feasacht staide náisiúnta agus Eorpach agus córas luathrabhaidh |
| --- |
| **Comhar (feasacht staide)**<br>• Leis an gcomhordú idir Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta dhá Bhallstát chomharsanachta, cumasaítear léiriú staide coiteann, faisnéis a mhalartú go héifeachtúil, feasacht staide feabhsaithe ag na comhtheorainneacha agus acmhainneacht freagartha mhéadaithe, ós rud é go roinntear suíomh na sócmhainní idir an dá thír freisin. [*An Phortaingéil / an Spáinn, 2017*]<br>• Leis an rochtain dhíreach ar bhunachair sonraí náisiúnta (seachas na cinn a úsáidtear le haghaidh rialú teorann amháin), cuirtear ar chumas an Lárionaid Náisiúnta Comhordúcháin léiriú staide cuimsitheach náisiúnta a choinneáil ar bun agus feasacht feabhsaithe staide a áirithiú dá pháirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa. [*An Fhionlainn, 2023*]<br>• Bhunaigh an Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar iarrataí ar ghníomhachtú Sheirbhísí Cumaisc EUROSUR ar an leibhéal ceantair agus ar an leibhéal áitiúil. Fíoraítear le nós imeachta den sórt sin dlíthiúlacht agus ábharthacht gach iarrata ó Sheirbhísí Cumaisc EUROSUR, sula gcuirtear faoi bhráid Frontex iad, lena n-áirithítear nach seoltar ach iarrataí ábhartha agus cost-éifeachtacha ar Sheirbhísí Cumaisc EUROSUR chuig Frontex agus go n-úsáidtear ansin iad sna gníomhaíochtaí oibríochtúla. [*An Fhionlainn, 2023*]<br>• **Faoi chreat EMPACT, táthar ag gníomhú mar 'Spreagthóir' i leith phlean gníomhaíochta oibríochtúil EMPACT lena ndírítear ar líonraí coiriúla a bhfuil baint acu le drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua a tháirgeadh, a dháileadh, agus gáinneáil orthu. Feidhmíonn Ceann Aonad Drugaí Bhiúró Lárnach na bPóilíní Imscrúdaithe mar 'Spreagthóir', agus tairbhíonn an té sin de thacaíocht oibríochtúil atá uathúil go leor agus déanann sé deiseanna airgeadais éagsúla a shainaithint go héifeachtúil agus iad a thapú. Tacaíonn Lárionad Cur Chun Feidhme na dTionscadal Eorpach san Aireacht Gnóthaí Baile leis an ngníomhaíocht sin ar bhonn tosaíochta agus tugann sé cúnamh trí chúraimí riaracháin a láimhseáil agus trí thacú le hiarrachtaí chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac.** [*An Pholainn, 2024*]<br>• **Bíonn Gardaí Teorann agus Údaráis Chustaim ag obair i ndlúthchomhar le chéile trí nós imeachta comhtháite um Theorainn Dhigiteach ag pointí trasnaithe chun na seiceálacha a neartú agus chun próiseas níos rianúla a áirithiú. Déantar sonraí a bhailítear agus torthaí seiceálacha céadlíne, lena n-áirítear faisnéis SIS, a aistriú go díreach ó Ghardaí Teorann chuig Údaráis Chustaim, agus leanann siadsan ag aghaidh le cigireachtaí ar bhonn sonraí réamhlíonta.** [*An Pholainn, 2024*] |

| **Anailís riosca** |
|---|
| **Teorainneacha talún**<br>• **Tá córas anailíse riosca náisiúnta na hinstitiúide rialaithe teorann éifeachtúil agus tacaítear leis trí chomhar feidhmiúil idirghníomhaireachta. Faoi dhó sa bhliain, eisíonn an institiúid rialaithe teorann táirgí anailíse riosca i gcomhar leis na Custaim agus leis na Póilíní Náisiúnta. Tríd an malartú tráthrialta córasach faisnéise idir na húdaráis náisiúnta ábhartha a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an Bhainistithe Chomhtháite Teorainneacha san Eoraip a mbíonn táirgí comhpháirteacha anailíse riosca mar thoradh air, áirithítear feasacht staide náisiúnta chuimsitheach agus tacaítear le cumais freagartha leormhaithe. Ina theannta sin, eagraítear oiliúint choiteann, oibríochtaí comhpháirteacha agus gníomhaíochtaí saincheaptha idir na húdaráis ábhartha a bhfuil baint acu le bainistiú teorainneacha.** [*An Liotuáin, 2023*]<br>• **Cuid de chóras náisiúnta anailíse riosca na bPóilíní Teorann is ea an feidhmchlár chun daoine agus/nó feithiclí a bhrath i gcás ina bhfuil próifíl riosca shonrach acu, agus tá sé comhtháite sa Chóras Náisiúnta Faisnéise um Bainistiú Teorainneacha. I gcás na bpóilíní uile a bhfuil baint acu le rialú teorann, tá fáil acu ar an bhfeidhmchlár ag gach pointe trasnaithe teorann, agus áirithítear leis go mbaintear úsáid éifeachtach as próifílí anailíse riosca ar gach leibhéal eagraíochtúil. Cuirtear le cáilíocht an rialaithe teorann dá bharr sin. Chun daoine nó feithiclí ardriosca a shainaithint, d'fhorbair na Póilíní Teorann feidhmchlár uathoibríoch táscairí riosca atá comhtháite sa Chóras Faisnéise um Bainistiú Teorainneacha. Nuair a dhéantar iad a ghníomhachtú, braitheann na táscairí déantóirí coire féideartha go huathoibríoch le linn seiceálacha teorann. Tá na táscairí nasctha go huathoibríoch le próifílí riosca, ionas go dtaispeántar aláram buí ar scáileán an gharda teorann agus nasc chuig an bpróifíl, agus go dtugtar treoracha spriocdhírithe maidir le stádas duine a chinneadh. Is féidir le gardaí teorann na táscairí sin a ghníomhachtú ag trasnuithe teorann sonracha agus ag amanna sonracha.** *[An Chróit, 2024]* |

| **Seiceálacha teorann** |
|---|
| **Teorainneacha aeir**<br>• Déanann aonad tiomnaithe de sheisear gardaí teorann faireachán ar iompar príobháideach agus ar eitlíocht áineasa, lena n-áirítear aerárthaí éadroma agus héileacaptair, toisc go bhfuil rochtain aige ar rianú bealaí fíor-ama agus ar shonraí eitilte ón radar míleata. Faigheann an t-aonad na pleananna eitilte go léir agus déantar anailís |

orthu ansin. Nuair nach pointe trasnaithe teorann é an t-aerfort imeachta nó teachta, tugtar foláireamh d'aonad póilíneachta maidir le hidirghabháil a dhéanamh. I gcás tuirlingtí neamhúdaraithe ag aeradróim nach bhfuil tiomnaithe do thrasnuithe teorann, forchuireann na húdaráis fíneálacha. Déantar measúnú riosca go rialta ar bhealaí eitilte a imíonn as bealach. [*An Bheilg, 2020*]

- Tá an chumarsáid idir an chéad agus an dara líne ag pointí trasnaithe teorann ag an aerfort tríd an bhfeidhmchlár náisiúnta an-uathoibrithe agus so-úsáidte. I gcás amais, féadann an t-oifigeach ar an gcéad líne nótaí tráchta a chlóscríobh i réimse tiomnaithe agus seoltar an fhaisnéis ón amas mar aon leis an nóta tráchta tríd an bhfeidhmchlár náisiúnta ón gcéad líne go dtí an dara líne. Maidir leis na ríomhgheataí, i gcás amas ar fholáireamh seiceála discréidí, féadann an t-oibreoir ríomhgheata barúil a chur leis an amas freisin a chuirtear ar aghaidh láithreach chuig an dara líne lena mbailítear faisnéis bhreise atá ar fáil agus lena seoltar an fhoirm amais chuig SIRENE. Leis sin, is féidir an tseiceáil a dhéanamh gan aon teagmháil le hábhar an fholáirimh, agus an fhaisnéis is gá á bailiú an tráth céanna. [*An Liotuáin, 2023*]
- An tAonad um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí atá freagrach as sonraí paisinéirí a bhailiú agus a phróiseáil ar na heitiltí go léir atá ag oibriú sa tír faoi láthair. Is é an ról atá aige údaráis forfheidhmithe dlí inniúla a chur ar an eolas (24/7) faoin ngá atá le tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar phaisinéirí isteach agus amach, tar éis na comparáide uathoibrithe ar a gcuid sonraí le bunachair sonraí ábhartha (amhail Córas Faisnéise Schengen, I24/7), nó le próifílí teibí arna samhaltú i gcomhar leis na húdaráis sin agus/nó arna iarraidh sin do na húdaráis sin. Ós rud é go bhfaigheann siad fiosruithe ó gach gníomhaireacht forfheidhmithe dlí, tá an t-aonad i riocht uathúil chun imscrúduithe agus réada forluiteacha ar díol spéise iad a thabhairt faoi deara agus chun gníomhaireachtaí faoi seach a chur ar an eolas. Tá córas dea-fhorbartha bainistithe cásanna chun cumarsáid a láimhseáil le húdaráis inniúla agus le hAonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí i mBallstáit eile, a bunaíodh de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta, i gcroílár chúraimí agus mhalartú faisnéise rathúil an Aonaid. Tugann na hoibríochtaí aird chuí ar chosaint sonraí agus ar cheanglais nós imeachta arna mbunú le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta. Reáchtálann an tAonad feachtais ardaithe feasachta go réamhghníomhach maidir leis na cumais a chuireann sé ar fáil. Tá sé feistithe le cumais theicniúla agus daonna ardcháilíochta. [*An Laitvia, 2023*]

**Teorainneacha talún**

- **Réamhsheiceáil uathoibríoch i gCóras Faisnéise Schengen ar fheithiclí atá ag druidim leis na bothanna rialaithe teorann talún trí Uathaithint Uimhirphlátaí, lena n-áirítear iarmhíreanna réada.** [*An Chróit, 2024*]

| **Faireachas ar theorainneacha** |
| --- |
| • Úsáideann an garda teorann Aerárthaí gan Foireann (UAV) le haghaidh cúraimí faireachais agus idirghabhála. Tá gach ceann de na haonaid réigiúnacha atá freagrach as na teorainneacha seachtracha talún nasctha leis an gcóras. Tá sé comhdhéanta de thrí ardán (mionfhaoileoirí innill gan foireann), stáisiún talún (le cianrialú, scáileáin agus aeróg) agus trealamh tacaíochta eile. Tá na hardáin feistithe le ceamaraí solas an lae agus amhairc oíche, agus is féidir ardán amháin a úsáid ag aon am ar leith. Seoltar íomhánna ardchaighdeáin ó na ceamaraí i bhfíor-am chuig an stáisiún talún nó chuig faighteoirí nasctha eile. Is féidir leis le córas na n-aerárthaí gan foireann sin cur leis an acmhainneacht faireachais ar theorainneacha, feasacht staide a fheabhsú agus acmhainneachtaí freagartha a éascú. A luaithe a bhraitear réad eitilte, cuirtear an Lárionad Comhordúcháin Réigiúnach ar an eolas go pras chun bearta idirghabhála sonracha a dhéanamh. [*An Pholainn, 2019*]<br>• **Suiteáladh córas bacainní leictreonacha feadh fhormhór na teorann seachtraí talún, arb é atá i gceist leis líon mór ceamaraí lae, ceamaraí oíche agus ceamaraí teirmeacha agus braiteoirí gluaisne agus braiteoirí seismeacha. Déanann lárionaid réigiúnacha faireachán ar an gcóras, agus tarchuireann siad aláraim a ghintear go huathoibríoch chuig lárionaid chomhordúcháin áitiúla chun patróil a sheoladh. Leis sin, aimsítear go héifeachtach cásanna ina ndéantar trasnú neamhúdaraithe, fágtar gur féidir faireachán fíor-ama a dhéanamh agus feabhsaítear agaí freagartha na bpatról.** [*An Pholainn, 2024*]<br>• **Úsáideann an garda teorann náisiúnta córas TF chun gníomhaíochtaí oibríochtúla a phleanáil, a chomhordú agus a thuairisciú, agus feidhmíonn an córas mar ardán ilfhreastail chun cur leis an rialú éifeachtúil foriomlán ag teorainneacha seachtracha. Tá roinnt modúl sa chóras a chuireann ar a chumas don úsáideoir faisnéis faoi theagmhais a shábháil agus a chomhroinnt, teagmhais a thaispeáint ar léarscáil, patróil agus sceidil oibre a phleanáil, suíomh na n-aonad oibríochtúil a thaispeáint i bhfíor-am agus tuairiscí a tharchur.** [*An Pholainn, 2024*]<br>**Bunachar sonraí náisiúnta le haghaidh faireachas ar theorainneacha**<br>• Tá coincheap an fhaireachais náisiúnta ar theorainneacha bunaithe ar bhunachar sonraí náisiúnta atá cuimsitheach agus éifeachtúil, ina dtugtar le chéile na feidhmiúlachtaí ábhartha uile chun tacú le cúraimí oibríochtúla agus oirbheartaíocha. Leanann an córas seo gach gné de thimthriall oibríochtúil an fhaireachais teorann: tacaíocht a chur ar fáil chun faisnéis a bhailiú, tuairisciú a dhéanamh ar thoradh oirbheartaíoch agus oibríochtúil na ngníomhaíochtaí, sealanna a phleanáil, patróil a bhainistiú agus a chomhordú agus freagairt frithghnímh éifeachtúil a cheapadh ar an láthair agus feasacht staide chomhleanúnach a sholáthar. Foráiltear leis na bogearraí maidir le hardán seirbhíse aonair le haghaidh gach forfheidhmithe dlí, dá bhrí sin, áirithítear úsáid éifeachtach acmhainní i gcás éigeandála agus na tairbhí a bhaineann le tiomsú an léirithe staide i réimsí freagrachta ainmnithe. Tá na bogearraí nasctha le feidhmeanna thimpeallacht TF soghluaiste an phatróil atá in úsáid ar an láthair. Bunaithe ar a dhearadh cuimsitheach |

comhleanúnach, féadtar an córas a oibriú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. [*An Eastóin, 2023*]

# FILLEADH

| Éifeachtúlacht an chórais náisiúnta um fhilleadh |
|---|
| **Nósanna imeachta um fhilleadh**<br>• Leis an gcleachtas ina ndéantar cinntí maidir le filleadh, aistriú agus toirmeasc ar theacht isteach mar chuid den chéim chéanna, laghdaítear an t-ualach riaracháin agus urramaítear cearta nós imeachta na bhfillithe go hiomlán. [*An Ostair, 2015*]<br>• Leis an nós imeachta ina dtugtar fógra maidir le 'rún toirmeasc ar theacht isteach a eisiúint' nuair a bhraitear fanacht neamhrialta le linn seiceálacha imeachta, rud a thugann an deis don náisiúnach tríú tír agóidí a dhéanamh, ligtear do na húdaráis toirmeasc ar theacht isteach a eisiúint gan cur isteach ar imeacht an náisiúnaigh tríú tír agus cearta an náisiúnaigh tríú tír a urramú an tráth céanna. [*An Ísiltír, 2021*]<br>• **D'fhorbair na húdaráis náisiúnta fógra maidir leis an gcúnamh atá ar fáil le haghaidh ath-lánpháirtiú, a bheidh le síniú ag náisiúnaigh tríú tír tar éis an chomhairliúcháin. Stóráiltear é sin lena gcáschomhaid, rud a éascaíonn an chumarsáid le comhairleoirí um fhilleadh i lárionaid choinneála.** [*An Chróit, 2024*]<br>• **Aitheantas frithpháirteach i ndáil le cinntí um fhilleadh a eisíonn Ballstáit eile. Má aimsítear náisiúnach tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta aige agus má eisíonn tír eile de chuid an Aontais cinneadh um fhilleadh ina leith, tabharfaidh na húdaráis náisiúnta aitheantas don chinneadh sin agus cuirfidh siad i bhfeidhm é gan mhoill. Ní eiseoidh siad cinneadh nua um fhilleadh ná ní dhéanfaidh siad teagmháil leis an tír eisiúna ach, ina ionad sin, aistreoidh siad an duine chuig an tír a mbeifear ag filleadh uirthi, tar éis measúnú cothrom le dáta a dhéanamh, i gcás ina bhfuil údar cuí leis.** [*An tSeicia, 2024*]<br>**Nós imeachta um fhilleadh éigeantach**<br>• Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena gcuirtear ar chumas na n-údarás cinneadh tapa a dhéanamh maidir le hiarratas ar thearmann a thaiscfear ina dhiaidh sin le linn an phróisis aistrithe ionas nach gcuirfear siar aistriú náisiúnaigh tríú tír nó nach gcuirfear moill air, agus cur chun feidhme éifeachtach phrionsabal an *non-refoulement* á áirithiú an tráth céanna. [*An Ísiltír, 2015*] |
| **Filleadh deonach**<br>• Le linn an phróisis um fhilleadh ar fad, tá filleadh deonach ina thosaíocht ag na húdaráis náisiúnta. Tá cur chuige réamhghníomhach ann chun náisiúnaigh tríú tír a spreagadh maidir le himeacht deonach ag gach céim den nós imeachta, go háirithe in ionaid choinneála. Meastar go gcuidíonn na hionaid choinneála le filleadh deonach a chur chun cinn, agus tugann bainisteoirí cáis agus údaráis spreagadh gníomhach do náisiúnaigh tríú tír an tír a fhágáil dá ndeoin féin, agus cóiríocht agus tacaíocht leordhóthanach á gcur ar fáil an tráth céanna. [*An Ísiltír, 2021*] |

- Leis an gcaidreamh luath le fillithe nuair a bhíonn filleadh deonach/imeacht á chur chun cinn mar aon leis an bhféidearthacht atá ag fillí páirt a ghlacadh i scéim um fhilleadh deonach ag aon phointe den phróiseas um fhilleadh, cuirtear chun cinn agus méadaítear an úsáid a bhaintear as filleadh deonach agus ath-lánpháirtiú mar chuid lárnach de chóras coiteann de chuid an Aontais maidir le filleadh i gcomhréir le straitéis an Aontais um fhilleadh deonach agus ath-lánpháirtiú. [*Lucsamburg, 2016;* [*An Danmhairg, 2022*]

**Córas TF**

- Leis an gcóras náisiúnta TF um bainistiú cásanna um fhilleadh, ar córas é a forbraíodh i gcomhréir le samhail Frontex, cuirtear uirlis éifeachtúil chomhtháite ar fáil d'údaráis a bhaineann le filleadh, lena n-éascaítear bainistiú éifeachtach cásanna um fhilleadh. [*An Iodáil, 2021; An Eastóin, 2023*]
- Leis an nasc idir an córas náisiúnta bainistithe cásanna imirce agus modúl cairteitiltí Frontex maidir le hIarratas ar Fhilleadh cuirtear ar chumas na n-údarás náisiúnta gach oibríocht chairtfhostaithe a eagraítear le tacaíocht ó Frontex a bhaint amach go díreach, agus cabhraíonn sé leo oibríochtaí um fhilleadh a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu ar bhealach níos éifeachtúla. [*An Ostair, 2020*]

**Coinneáil chun críche aistrithe**

**Ionaid choinneála**

- Tá timpeallacht chuí agus spreagúil do leanaí le fáil i seomra leanaí sna saoráidí clárúcháin d'eachtrannaigh. Leis na huaireanta oscailte fada agus an inrochtaineacht gan srian, le hoibrí sóisialta a bheith i láthair agus leis an líon mór cluichí agus gníomhaíochtaí atá ar fáil, bíonn sé tarraingteach do leanaí é a úsáid. [*An Liotuáin, 2018*]
- Le hionaid teaghlaigh agus le saoráidí síciatracha spriocdhírithe is féidir freastal ar na riachtanais ar leith a bhíonn ag daoine leochaileacha atá faoi choinneáil. Leis an leagan amach, na gníomhaíochtaí agus tiomantas na foirne san ionad teaghlaigh, is féidir le saol an teaghlaigh a bheith chomh gar agus is féidir don ghnáthshaol agus is féidir timpeallacht chuí spreagúil a chur ar fáil do theaghlaigh agus do mhionaoisigh neamhthionlactha. Leis an tsaoráid shíciatrach, cuirtear deis ar fáil don dlúthchomhar idir na comhpháirtithe ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine leochaileacha a bhfuil fadhbanna síceolaíocha acu sa phróiseas um fhilleadh agus éifeachtúlacht na nósanna imeachta um fhilleadh a mhéadú an tráth céanna. [*An Ísiltír, 2021*]
- Na prótacail forbartha agus oiliúint an phearsanra, mar aon leis an dearadh agus leis an gcóras, cuidíonn siad chun an strus agus an tráma do mhionaoisigh a mhaolú sa phróiseas um fhilleadh agus tá siad i gcomhréir le prionsabal leas an linbh. [*An Iorua, 2022*]

- Tá oifigí cúraim mheabhairshláinte ag na saoráidí d'eachtrannaigh, lena gcuirtear cúnamh ar fáil do náisiúnaigh tríú tír maidir le saincheisteanna meabhairshláinte amhail neamhord struis iarthrámaigh agus féinmharú a chosc mar aon le tacú lena n-oiriúnú. Déanann na síceolaithe breithmheas tosaigh le gach duine nua agus cuireann siad iad ar an eolas faoi na féidearthachtaí maidir le tacaíocht shíceolaíoch a lorg laistigh den tsaoráid. Fágann sé sin go bhféadtar saincheisteanna síceolaíocha a shainaithint go luath, rud a d'fhéadfadh cur chuige agus láimhseáil éifeachtach cásanna den sórt sin a ráthú. Féadtar rochtain a fháil ar na hoifigí cúraim mheabhairshláinte le linn uaireanta oifige ó Luan go hAoine tar éis coinne a dhéanamh ar an bhfón nó le foirm iarratais. Cuidíonn sé sin le timpeallacht oscailte shábháilte a chruthú, go háirithe agus iad ag déileáil le híospartaigh na gáinneála agus le daoine leochaileacha eile. [*An Liotuáin, 2023*]
- **Maidir le dálaí coinneála, tá limistéir fhairsinge áineasa amuigh faoin spéir i Lárionad Fáiltithe, áit a bhfuil limistéar spraoi amuigh faoin spéir do leanaí óga agus limistéar áineasa féaraigh do dhaoine fásta, rud a chothaíonn atmaisféar taitneamhach ina bhfuil spás don phríobháideachas. Leis sin, maolaítear an baol coinbhleachta agus an baol plódaithe.** [*An Chróit, 2024*]
- **Lárionad coinneála ina bhfuil aonad oideachais a bhfuil 11 oifigeach ag obair ann, a eagraíonn réimse leathan gníomhaíochtaí oideachais, sóisialta agus cultúrtha (agus aird á tabhairt ar íogaireachtaí cultúrtha) agus gníomhaíochtaí spóirt, chomh maith le himeachtaí. Bíonn an fhoireann ar fáil do na daoine atá á gcoinneáil ó Luan go Satharn, ar feadh 12 uair an chloig in aghaidh an lae, agus is éadaí sibhialtach a bhíonn ar na hoifigigh. Tá cúlra gairmiúil ag cuid acu san oideachas agus sa tsíceolaíocht agus tá ról gníomhach acu maidir le coinbhleachtaí a chosc sa lárionad.** [*An Pholainn, 2024*]
- **Sna lárionaid choinneála, cuirtear cúram leighis fairsing ar fáil do dhaoine atá á gcoinneáil agus cuirtear an cúram sin in oiriúint dá gcuid riachtanas. Mura féidir cúram a sholáthar ar an láthair, tugtar daoine atá á gcoinneáil chuig clinicí speisialaithe seachtracha gan mhoill. Cumhdaíonn an Garda Teorann costais na gcóireálacha sin. I gcás riocht tromchúiseach, scaoiltear saor daoine atá á gcoinneáil agus aistrítear chuig eagraíochtaí cúraim speisialaithe iad.** [*An Pholainn, 2024*]
- **Soláthraítear sa Lárionad Coinneála seomra tiomnaithe naíolainne atá ar fáil 24/7, áit ar féidir le máithreacha aire a thabhairt dá leanaí nuabheirthe i saoráid phríobháideach ar leithligh. Tá troscán agus earraí riachtanacha sa seomra chun tacú le cúram leanaí. Tá rannán cúraim leanaí ann freisin, atá fairsing, dea-fheistithe agus ina bhfuil raon leathan gníomhaíochtaí, bréagán agus cluichí atá oiriúnach ó thaobh aoise de. Is féidir le leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí á gcoinneáil sa Lárionad cuairt a thabhairt ar an seomra spraoi le toiliú a dtuismitheoirí. I gcás leanaí an-óg, is féidir le duine dá dtuismitheoirí maoirseacht a dhéanamh ar chuairteanna freisin, lena n-áirithítear timpeallacht shábháilte, thacúil do chách.** [*An tSeicia, 2024*]

- **Tá réimse áiseanna amhairc curtha i bhfeidhm sa lárionad coinneála, lena n-áirítear boird treoshuímh, comharthaí, rialacha an tí, agus póstaeir, atá leagtha amach sa chaoi go bhfuil siad inrochtana agus oiriúnach do leanaí. Bíonn picteagraim sna hábhair sin, bíonn siad ar taispeáint ag airde a oireann do leanaí agus déantar iad a dhearadh sa chaoi gur furasta ag leanaí iad a thuiscint. Ina theannta sin, cuireadh an 'Bosca Uirlisí do Leanaí' de chuid Frontex ar fáil go forleathan i dteangacha éagsúla.** [*An tSeicia, 2024*]

# TEORAINNEACHA INMHEÁNACHA

| Comhar trasteorann i limistéir na teorann inmheánaí |
| --- |
| **Comhar oibríochtúil leis na Ballstáit chomharsanachta**<br>• Patróil thríthaobhacha chomhpháirteacha ar thraenacha in éineacht lena gcomharsana. [*An Ostair, 2015*]<br>• Ullmhaítear tuarascáil dhébhliantúil chomhpháirteach maidir le hanailís choiriúil agus tuarascáil maidir le hanailís choiriúil oibríochtúil idir na Ballstáit ar bhonn coicísiúil. Ina theannta sin, ullmhaítear seisiún faisnéise laethúil ina dtugtar faisnéis faoi choireanna a dhéantar i mBallstát amháin agus roinntear é leis na Ballstáit chomhpháirtíochta. [*Lichtinstéin, 2015*]<br>• Laistigh de cheantar póilíneachta i réigiún teorann, is ann d'fhoireann anailíse comhpháirtí. Is éard atá i gceist leis sin roinnt gníomhaireachtaí a chuimsíonn póilíní, custaim agus oifigí teorann agus coireachta. Úsáidtear na hanailísí chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le rialuithe teorann, póilíneacht agus cúrsaí custaim. Tugadh faoi deara gur úsáideadh tuairiscí anailíse chun faisnéis a thabhairt d'oifigigh roimh phatróil chomhpháirteacha, lena n-áirítear na laethanta, na hamanna agus na háiteanna ina mbeadh patróil den sórt sin ar siúl a chinneadh. Tiomsaítear tuarascálacha míosúla anailíse riosca maidir leis na calafoirt atá údaraithe le haghaidh teacht isteach daoine nach ó limistéar Schengen iad. Úsáidtear na tuarascálacha sin chun bonn eolais a chur ar fáil maidir le gnéithe oibríochtúla agus gnéithe riaracháin na rialuithe teorann. [*An Danmhairg, 2017*]<br>• Chun comhar éifeachtach trasteorann agus frithpháirtiú acmhainní a áirithiú, shínigh na Ballstáit chomharsanachta comhaontú maidir le Comhúsáid Foinsí Ceilte Faisnéise Daonna chun oibríochtaí faisnéise faoi cheilt a dhéanamh trí dhíorma coiteann póilíní. [*An Liotuáin, 2018*]<br>• Soláthraíonn an córas sonraí náisiúnta splancscáileáin nuair a chuirtear tús leis an oibríocht agus ar an gcaoi sin tugtar foláireamh d'oibreoirí láithreach maidir leis an obair leantach is gá. Soláthraíonn sé beoshruthú freisin. Bíonn geoshuíomh na ngluaisteán patróil le feiceáil sa chóras freisin. Tá rochtain dhíreach ag na Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim agus ag SPOC araon air. [*An tSeicia, 2019*]<br>• Is sásraí comhtháite buana um chomhar idirnáisiúnta iad briogáidí comhpháirteacha dénáisiúnta chun an inimirce neamhdhlíthiúil agus smuigléirí a chomhrac, rud a chuireann ar chumas dhá thír chomharsanachta rialuithe a eagrú atá bunaithe ar anailís chomhroinnte ar rioscaí imirce. Comhdhéanta de líon comhionann oifigeach ón dá thír a roghnaíodh mar gheall ar a scileanna teicniúla agus teanga, tá na 'briogáidí' (nó na 'haonaid chomhpháirteacha') sin a bunaíodh ag na teorainneacha idir an Fhrainc agus an Ghearmáin agus idir an Fhrainc agus an Iodáil faoi rialú ag comhaontuithe Prüm nó ag comhaontú déthaobhach. Chomh maith le patróil chomhpháirteacha a eagrú, cuireann |

na briogáidí comhpháirteacha (nó na comhaonaid) comhoiliúint ar fáil. Le córas na mbriogáidí comhpháirteacha sin, éascaítear malartú faisnéise idir dhá thír chomharsanachta agus comhordú na n-oibríochtaí rialaithe agus, dá bhrí sin, ba cheart é a spreagadh agus a leathnú chuig teorainneacha eile, go háirithe an teorainn idir an Fhrainc agus an Spáinn. [*An Fhrainc, 2021*]

- Ar an leibhéal réigiúnach, tá an comhar trasteorann bunaithe ar phrótacail riaracháin le húdaráis inniúla na mBallstát comharsanachta, a chuirtear chun feidhme a thuilleadh trí phleananna gníomhaíochta bliantúla. Leis an gcomhar praiticiúil sin, cumhdaítear anailís chomhpháirteach riosca, oibríochtaí agus patróil chomhpháirteacha, bainistiú imeachtaí sonracha agus oiliúint chomhpháirteach. Déantar patróil chomhpháirteacha a phleanáil go tráthrialta. Le coincheap an chomhair seo, cruthaítear bonn maith le haghaidh freagairt oibríochtúil chomhpháirteach ar an leibhéal réigiúnach, úsáid choiteann acmhainní teoranta agus léiriú staide níos cuimsithí ar choireacht. [*An Eastóin, 2023; An Laitvia, 2023*]

- **Déantar bearta réamhghníomhacha chun teorainn a chur le hathbhunú sealadach na rialuithe teorann inmheánaí trí chruinnithe tráthrialta, spriocdhírithe a bheith ann le tíortha comharsanachta agus trí chomhar oirbheartaíochta agus comhar oibríochtúil i réigiúin teorann. Eagraítear seisiúin oiliúna chomhpháirteacha trasteorann agus cleachtaí tóraíochta trasteorann go tráthrialta agus scaiptear faisnéis bhunúsach maidir leis an bhféidearthacht sin trí bhileoga eolais a chuirtear chuig na póilíní náisiúnta uile. Trí líonra fairsing agus oifigigh shinsearacha ainmnithe i ngach réigiún teorann, bíonn údaráis phóilíneachta i dteagmháil bhuan lena macasamhla trasteorann (inmheánacha). Bíonn faireachán, anailís agus freagairt chomhpháirteach leanúnach ann i leith bagairtí atá ag teacht chun cinn. Is féidir cur le scála na hoibre sin ionas go reáchtálfar patróil chomhpháirteacha, gníomhaíochtaí, cleachtaí, pleanáil etc. nuair a thagann bagairtí slándála chun cinn nó nuair a ghéaraíonn siad. Má athbhunaítear rialuithe teorann inmheánaí, déanann an dá thír anailís ar an gcur chun feidhme chun tarluithe amach anseo a chosc.** [*An tSlóvaic, 2024*]

- **Ar an leibhéal polaitiúil agus straitéiseach, déantar an méid sin trí chruinnithe agus comhairliúcháin spriocdhírithe thráthrialta le tíortha comharsanachta, ach dírítear go príomha ar an gcomhar oirbheartaíochta agus an comhar oibríochtúil sna réigiúin teorann. Eagraítear oiliúint chomhpháirteach agus cleachtaí comhpháirteacha maidir le tóraíocht thrasteorann ar bhonn tráthrialta in éineacht leis na Ballstáit chomharsanachta, agus cuirtear faisnéis bhunúsach faoin bhféidearthacht sin ar fáil trí bhileoga eolais do phóilíní uile na Slóvaice. Trína líonra fairsing Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus trí oifigigh shinsearacha áirithe i ngach réigiún teorann a ainmniú ina n-oifigigh atá freagrach as comhar i bhforfheidhmiú an dlí a chomhordú leis an tír chomharsanachta (‘Lánchumhachtaigh Theorann’), bíonn Fórsa Póilíneachta na Slóvaice i mbuanteagmháil lena mhacasamhla ar an taobh eile den teorainn inmheánach. Áirithítear leis sin go ndéantar faireachán agus anailís chomhpháirteach**

**leanúnach ar an staid slándála sna réigiúin teorann, rud a fhágann gur féidir bagairtí atá ag teacht chun cinn a bhrath go tapa agus freagairt chomhpháirteach a thabhairt orthu. Nuair a thagann bagairtí slándála áirithe chun cinn nó nuair a ghéaraíonn siad, cuirtear dlús leis an gcomhar trasteorann i bhfoirm patróil chomhpháirteacha, gníomhaíochtaí comhpháirteacha, cleachtaí comhpháirteacha, pleanáil chomhpháirteach, etc. Nuair a mheastar i gcásanna áirithe, in ainneoin na mbeart coisctheach sin, gur gá rialuithe teorann inmheánacha a athbhunú, déanann an dá thír anailís chomhpháirteach níos déanaí ar chur chun feidhme na rialuithe sin d'fhonn bearta féideartha a shainaithint chun cuidiú iad a sheachaint amach anseo. Meastar gur dea-chleachtas é sin.**[*An tSlóvaic, 2024*]

- **Tá comhar póilíneachta níos dlúithe idir Stáit Schengen chomharsanachta mar gheall ar choincheap nua maidir le patróil chomhpháirteacha, coincheap a forbraíodh ar bhonn chomhaontú 2023 idir ceanncheathrúna póilíneachta náisiúnta ábhartha. Bunaíodh lárionad oibríochtúil ag a bhfuil cumais cheannais, rialaithe agus chumarsáide ag lárionad comhair póilíneachta trasteorann. Tá plean oibríochtúil rioscabhunaithe réigiúnach ann lena dtreoraítear na hiarrachtaí. Rianaítear patróil rannpháirteacha trí ghléasanna GPS agus bíonn siad ar an eolas faoi shuíomhanna a chéile trí ghléasanna soghluaiste. Tarlaíonn oibríochtaí comhpháirteacha, lena n-áirítear 12-16 phatról mheasctha in aghaidh na míosa, gar don teorainn chomhroinnte. Roghnaítear cineálacha patróil agus a dtrealamh, amhail dróin agus trealamh físe oíche, de réir an phlean. Ó mhí an Mheithimh 2022 i leith, ghlac údaráis chomharsanachta bhreise Schengen páirt sna hoibríochtaí sin.** [*An Ungáir, 2024*]

## AN tSLANDÁIL INMHEÁNACH

| **Straitéisí Náisiúnta maidir le Forfheidhmiú an Dlí** |
|---|
| • Gach 4 bliana, socraíonn an tAire Dlí agus Cirt agus Slándála an Clár Oibre Slándála Náisiúnta ina bhfuil cuspóirí beartais náisiúnta maidir le dualgais phóilíneachta. Ar an leibhéal réigiúnach, aistríonn an rialtas áitiúil na tosaíochtaí náisiúnta ina gcuspóirí beartais réigiúnaigh do na póilíní sa Chlár Oibre Réigiúnach Slándála. Déanann gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eolas agus faisnéis a mhalartú ar mhaithe le heolas agus faisnéis iomchuí a bhailiú chun cur leis an gClár Oibre Slándála Náisiúnta, leis na Cláir Oibre Réigiúnacha Slándála agus le Measúnú Europol ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe. Tá sé de chúram ar Choistí Stiúrtha na Roinne Taighde comhordú agus faireachán a dhéanamh ar an nós imeachta ina iomláine. Le seisiún faisnéise oibríochtúil laethúil is féidir na foirne póilíneachta éagsúla a chur ar an eolas faoi na pointí sonracha airde ina réimse oibre. Úsáidtear iad, mar shampla, mar phointe tosaigh chun beartais a cheapadh sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus chun meastachán a dhéanamh ar leibhéil bhagartha a léiríonn an dóchúlacht go dtarlódh ionsaí sceimhlitheoireachta. Ina theannta sin, déanann deasca Taighde agus Anailíse na Seirbhísí Faisnéise Réigiúnacha uile a gcuid measúnuithe féin ar bhagairtí agus ar shlándáil. [*An Ísiltír, 2021*]<br>• Cheap Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí ionchúisitheoir idirchaidrimh chuig SPOC a dtéitear i gcomhairle leis go minic maidir le foláirimh agus barántais ghabhála idirnáisiúnta a mharcáil, maidir le himscrúduithe coiriúla idirnáisiúnta casta agus maidir le haon chás eile ina bhfuil gá leis an ionchur ionchúisimh. [*An Phortaingéil, 2022*]<br>• Dlúthchomhar idir na hoifigigh Idirchaidrimh Eachtraigh agus an t-údarás lárnach um chomhar breithiúnach idirnáisiúnta ar féidir leo comhairle agus cúnamh a thabhairt i dtaobh orduithe Imscrúdaithe Eorpacha nó iarrataí Frithpháirteacha ar chúnaimh dhlíthiúil a dhírítear ar an mBallstát a scríobh. [*An Phortaingéil, 2022*]<br>• Úsáid uirlise anailíse ag na Póilíní ina n-aonaid anailíse coiriúla, trínar féidir 'próifílí' feiniméin choireachta a bhunú, bunaithe ar shonraí oibríochtúla, a léiríonn don úsáideoir léirshamhlú idirghníomhach ar an bhfeiniméin sin, ar a threochtaí, ar a *modi operandi* agus ar a éabhlóidí. Ó cuireadh tús le rolladh amach an fheidhmchláir sin in 2019, chuir na Póilíní go mór leis an líon feiniméan coireachta a ndearnadh anailís orthu agus ar an líon úsáideoirí. [*An Liotuáin, 2023*] |

| **Eagrú an Phointe Teagmhála Aonair (SPOC) i ndáil le malartú faisnéise idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí** |
|---|
| **Eagrúchán, malartú faisnéise** |

- Chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar chomhar idirnáisiúnta póilíneachta, chruthaigh na Póilíní líonra d'oifigigh teagmhála le haghaidh comhar idirnáisiúnta póilíneachta. Tá siad lonnaithe i ngach ceann de cheanncheathrúna Réigiúnach na bPóilíní agus i gceanncheathrú Phóilíní na Cathrach sa phríomhchathair. Cabhraíonn na hoifigigh teagmhála le feabhas a chur ar cháilíocht na n-iarratas ar mhalartú faisnéise agus le comhordú na n-iarrataí sin a éascú. [*An Pholainn, 2019*]
- Tá sreabhadh seanbhunaithe laethúil ann maidir le teagmhais choiriúla a thuairisciú ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal réigiúnach agus leibhéal an stáit. Go praiticiúil, tá ríomhthuairisc ar imeachtaí na 24 uair an chloig deireanacha ar fáil go tráthrialta d'fhoireann bhainistíochta an stáisiúin áitiúil, don leibhéal réigiúnach agus don Phríomh-Oifig Póilíní Coiriúla Stáit. Ceadaíonn sé do gach leibhéal cinntí eolasacha a dhéanamh. [*An Ghearmáin, 2020*]
- Leis an gcóras chun oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta a chomhordú, bailítear an fhaisnéis uile ó na heagraíochtaí póilíneachta agus institiúidí éagsúla atá freagrach as an sceimhlitheoireacht, an radacachas foréigneach, an choireacht eagraithe agus an choireacht thromchúiseach a chosc agus a chomhrac. Leis an gcóras, cuirtear rogha mhalartach leordhóthanach ar fáil, lena gcomhcheanglaítear bainistiú faisnéise le comhordú oibríochtúil i gcás nach mbíonn rochtain ag na húdaráis náisiúnta ábhartha ar bhunachair sonraí a chéile. [*An Spáinn, 2022*]
- Cásoifigigh idirnáisiúnta a imscaradh ar an leibhéal réigiúnach i Ranna Póilíneachta éagsúla. Is cuid den Phointe Teagmhála Aonair iad na hoifigigh sin agus tá oiliúint ceithre seachtaine acu maidir le córais TF ar mhórscála, malartú faisnéise forlíontaí trí chainéal SIRENE, bainistiú bithmhéadrachta agus cuairteanna ar an láthair chuig Europol agus Eurojust. Tá rochtain iomlán acu ar chórais bainistithe cásanna an Phointe Teagmhála Aonair, ar chóras slán cumarsáide póilíneachta domhanda I-24/7 de chuid Interpol agus tá cearta acu foláirimh Chóras Faisnéise Schengen agus fógraí Interpol a thabhairt isteach. Tá rochtain acu freisin ar na córais agus ar na ceadanna ábhartha atá coibhéiseach le cásoifigeach a ghabhann le Biúró náisiúnta SIRENE agus leis an Lárionad Cumarsáide Idirnáisiúnta. Mar thoradh air sin, tá saineolas ar Chóras Faisnéise Schengen ar fáil i ngach rannán áitiúil. Thairis sin, fíoraíonn na cásoifigigh idirnáisiúnta cáilíocht agus ábharthacht dhlíthiúil na faisnéise arna hiarraidh, dréachtaíonn siad teachtaireachtaí SIENA atá le seoladh chuig Oifigigh Idirchaidrimh ag Europol agus soláthraíonn siad oiliúint maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta laistigh den Roinn Póilíneachta áitiúil. [*An Fhionlainn, 2023*]
- **Baineann póilíní náisiúnta úsáid as Córas Comhtháite Bainistithe Cásanna chun cumarsáid fíor-ama, comhordú acmhainní agus sannadh tascanna a éascú sna lárionaid rialaithe. A bhuí leis an dearadh so-úsáidte atá air, féadfar freagraí gasta a thabhairt agus comhordú éifeachtach a dhéanamh i gcásanna dinimiciúla trí orduithe agus faisnéis a chomhroinnt go díreach le patróil agus le haonaid speisialaithe. Feabhsaítear an ullmhacht oibríochtúil agus sábháilteacht an phobail dá bharr. Cuimsítear sa chóras freisin príomh-chomhpháirtithe nach póilíní iad amhail Údaráis Chustaim, an Bhriogáid Dóiteáin agus Seirbhísí Otharchairr, le**

**haghaidh malartú faisnéise fíor-ama agus leithdháileadh comhtháite acmhainní.** [*An tSeicia, 2024*]

**Eagrúchán**

- Is cineál comhair agus comhordaithe éifeachtaigh idir na húdaráis forfheidhmithe dlí atá i gceist leis an Lárionad buan um Fhaisnéis agus Anailís Coireachta na bPóilíní, na nOifigeach Custaim agus an Gharda Teorann a tháirgeann, i measc nithe eile, táirgí coiteanna anailíse agus measúnaithe bagartha. [*An Fhionlainn, 2018*]
- Bíonn torthaí oibríochtúla an-éifeachtach mar thoradh ar chruthú Lároifigí Lárnacha, ina ndéantar acmhainní a chomhthiomsú ó riaracháin éagsúla agus ina ndírítear ar chineál amháin coireachta. [*An Fhrainc, 2021*]
- Struchtúr éifeachtach chun an measúnú bagartha náisiúnta a chur ar fáil, chomh maith le measúnuithe tiomnaithe bagartha agus rioscaí. Comhcheanglaítear leis rialú cáilíochta atá eagraithe go lárnach agus anailís ar riachtanais ar an leibhéal réigiúnach. Tá an t-aonad ildisciplíneach um anailís straitéiseach freagrach as anailís straitéiseach a dhéanamh ar choireacht. Is éard atá san aonad foireann atá ag obair ar an leibhéal náisiúnta agus foirne allamuigh i roinnt réigiún. Coinnítear an rialú cáilíochta ar bun ar an leibhéal lárnach, rud lena n-áirithítear comhleanúnachas idir na táirgí anailíseacha éagsúla freisin. Ullmhaíonn an t-aonad an measúnú bagartha náisiúnta bliantúil atá dírithe ar ghrúpaí coireachta eagraithe. [*An Fhrainc, 2021*]
- Le Meabhrán Tuisceana idir na póilíní agus oifigigh custaim, cumasaítear comhar fairsing idir an dá chóras riarachán, lena ndéantar foráil maidir le faisnéis ábhartha agus faisnéis straitéiseach, oirbheartaíoch agus oibríochtúil a mhalartú agus a chomhroinnt, go háirithe trí rochtain fhrithpháirteach ar bhunachair sonraí a éascú, agus aird chuí á tabhairt ar chearta duine aonair agus ar rialacha cosanta sonraí, dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur chun cinn, nósanna imeachta le haghaidh ábhair i ndáil le gníomhaíochtaí comhpháirteacha, scuadaí patróil soghluaiste comhpháirteacha, foirne imscrúdaithe comhpháirteacha, foirne faisnéise comhpháirteacha, trealamh a chomhroinnt idir seirbhísí agus comhar maidir leis an teicneolaíocht a fhorbairt, a cheannach, a imscaradh agus a úsáid. [*An Chipir, 2021*]
- Tá grúpa anailíse riosca ag SPOC atá freagrach as anailís níos doimhne a dhéanamh ar iarrataí náisiúnta agus idirnáisiúnta, a fhaightear in SPOC, a bhailíonn faisnéis bhreise sna bunachair sonraí atá ar fáil, agus a sholáthraíonn tuarascálacha anailíse ar threochtaí coireachta aimsithe, *modus operandi*. Cuirtear na tuarascálacha ar aghaidh ansin chuig ionchúisitheoirí agus/nó chuig gníomhaireachtaí póilíneachta faoi seach chun tacú le himscrúduithe ábhartha. [*An Phortaingéil, 2022*]
- Comhcheanglaíonn an Rannán um Chomhar Idirnáisiúnta malartú faisnéise oibríochtúil le cinnteoireacht straitéiseach ar an leibhéal idirnáisiúnta. Déanann an Rannán sin óstáil ar an bPointe Teagmhála Aonair náisiúnta le haghaidh malartuithe faisnéise idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí. Baineann sé tairbhe as ionadaíocht ó fhórsaí póilíneachta náisiúnta agus ó fhórsaí póilíneachta réigiúnacha araon, agus ó lucht

custaim. Tá líonra saineolaithe ag an dá údarás ábhartha maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta, rud a thugann cúnamh agus comhairle do na haonaid faisnéise coiriúla ar an leibhéal réigiúnach maidir le hionstraimí an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta a úsáid. Cuireann na príomhúdaráis forfheidhmithe dlí oiliúint rialta ar shaineolaithe maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta. Is cuid dá n-aonad ar an leibhéal réigiúnach iad na saineolaithe sin agus comhlíonann siad an fheidhm sin sa bhreis ar a gcuid oibre laethúla. Tarchuirtear eolas chuig an líonra ag cruinniú bliantúil, cruinniú a dtugtar cuireadh chun labhartha aige d'Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh in Europol, mar shampla. Idir na cruinnithe sin, tarchuirtear eolas faoi nósanna imeachta nua chuig an líonra trí nuachtlitreacha nó trí chruinnithe *ad hoc.* Ina theannta sin, faigheann na saineolaithe a bhaineann le líonra an údaráis oiliúint um chumas ar feadh seachtain amháin sula dtéann siad isteach sa líonra. Is bealach ísealtairsí iad na líonraí saineolaithe sin chun eolas ar chomhar idirnáisiúnta póilíneachta a scaipeadh ar an leibhéal réigiúnach. [*An Spáinn, 2022*]

- **Tá an tAonad Náisiúnta um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí comhtháite sa Phointe Náisiúnta Teagmhála Aonair, lena mbainistítear gach cás a bhaineann le Taifid ar Ainmneacha Paisinéirí d'údaráis éagsúla (na póilíní, údaráis chustaim, seirbhísí faisnéise, na póilíní míleata, oifig ionchúisitheoirí agus cúirteanna, etc.). Fágann an comhtháthú sin go bhfuil an córas níos cuimsithí agus cuireann sé le ról an Phointe Teagmhála Aonair mar mhol faisnéise ginearálta le haghaidh gach malartaithe faisnéise slándála idirnáisiúnta. Trí chóras bainistithe cásanna amháin a chomhroinnt le Pointí Teagmhála Aonair eile, is furasta faisnéis a chomhtháthú agus a chros-seiceáil, rud a fhágann go ndéantar anailís níos cuimsithí.** [*An tSlóvaic, 2024*]

| Uirlisí Europol a úsáid le haghaidh comhar trasteorann agus malartú faisnéise |
| --- |

- Déantar sonraí ón gcóras náisiúnta le haghaidh imscrúduithe póilíneachta a uaslódáil go huathoibríoch isteach i gCóras Faisnéise Europol. Tá bunachar sonraí na n-imscrúduithe atá ar siúl faoi láthair nasctha le huathlódálaí sonraí i gCóras Faisnéise Europol. Cuirtear faisnéis nua isteach, feabhsaítear faisnéis atá ann cheana agus baintear seanfhaisnéis gach lá. Tá an próiseas sin go hiomlán uathoibrithe. Láimhseálann Aonad Náisiúnta Europol amais idir imscrúduithe náisiúnta agus imscrúduithe eachtracha, amais atá ar fáil cheana laistigh de Chóras Faisnéise Europol. [*An Ísiltír, 2021*]
- **Rinneadh QUEST (chun Córais Europol a Fhiosrú) a chomhtháthú leis an gcóras náisiúnta cuardaigh chun cuardaigh a dhéanamh i gCóras Faisnéise Europol. Ina theannta sin, leathnaíodh raon feidhme an chuardaigh ionas go gcumhdaítear leis gach réad atá le fáil sa chóras, agus beidh an fheidhmiúlacht chuardaigh chéanna ar fáil do na hÚdaráis Chustaim. Tháinig méadú ar líon na gcuardach mar thoradh air sin, rud a fhágann gurbh é an Ballstát an tríú ceann ba ghníomhaí maidir leis an bhfeidhmiúlacht chuardaigh á húsáid in 2024.** *[An Ungáir, 2024]*